2024/3203

30.12.2024

PRÓTACAL MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE HIASCAIGH INBHUANAITHE IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS RIALTAS NA GRAONLAINNE AGUS RIALTAS NA DANMHAIRGE, DEN PHÁIRT EILE (2025-2030)

Airteagal 1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Phrótacal seo forálacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de páirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile ([1]), ('an Comhaontú'), arna dhéanamh sa Bhruiséil an 22 Aibreán 2021 a chur chun feidhme. Sa Phrótacal seo tá Iarscríbhinn amháin agus Foscríbhinní.

Airteagal 2

Deiseanna iascaireachta táscacha agus an próiseas chun a leibhéal bliantúil a shocrú

1. Tugann údaráis inniúla na Graonlainne údarú do shoithí de chuid an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhair na speiceas agus na limistéar bainistíochta faoi seach atá liostaithe thíos de réir an leibhéil tháscaigh bhliantúil a leanas (i dtonaí):

Speiceas agus limistéir bhainistíochta faoi seach in LEE na Graonlainne lasmuigh de 12 mhuirmhíle ón mbonnlíne	Deiseanna táscacha
Troisc i bhfolimistéir II, V, XII agus XIV CITM	2 050
Péirsí mara peiligeacha (REB) i bhfolimistéir XII agus XIV CITM agus i Roinn 1F NAFO, mura ndéantar iascaireacht orthu faoi scéim solúbthachta i ndáil le péirsí mara peiligeacha a leagtar amach i bhfoscríbhinn 5 a ghabhann leis an Iarscríbhinn	0 ([2])
Péirsí mara grinnill (RED) ([3]) i bhfolimistéir II, V, XII agus XIV CITM	2 100
Haileabónna Graonlannacha i bhfolimistéar 1 NAFO – Ó dheas ó 68º ó Thuaidh	1 900
Haileabónna Graonlannacha i bhfolimistéir II, V, XII & XIV CITM ([4])	4 775
Séaclaí artacha i bhfolimistéar 1 NAFO	2 431
Séaclaí artacha i bhfolimistéir II, V, XII agus XIV CITM	4 150
Caibealláin i bhfolimistéir II, V, XII agus XIV CITM ([5])	13 000

([1]) IO AE L 175, 18.5.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/793/oj.

([2]) Ba cheart aon chionroinnt ar phéirsí mara a bheith i gcomhréir le comhaontú an lucht bainistíochta agus na cinntí a dhéantar ar leibhéal NEAFC.

([3]) Is é RED an cód FAO le haghaidh Sebastes spp, ach i gcás tuairisciú gabhála déanfar an speiceas a ionchódú de réir an speicis (REG, REB).

([4]) Nár cheart níos mó ná 6 shoitheach a bheith ag déanamh iascaireachta orthu an tráth céanna.

([5]) Nuair is féidir iad a ghabháil, faoi réir íoschuóta 30,000 tona don Ghraonlainn de réir TAC tosaigh, idirmheánach agus deiridh, déanfar deiseanna iascaireachta a thairiscint don Aontas de réir mar a bheidh siad ar fáil suas go dtí 7.7 % den GII le haghaidh caibeallán is infheidhme le linn an tséasúir iascaireachta i gcomhréir le míreanna 2(2) go (5). Freagróidh an tAontas tairiscintí maidir le deiseanna iascaireachta a dhéanfar idir an 1 Deireadh Fómhair agus an 31 Nollaig laistigh de 14 lá féilire. Maidir le deiseanna iascaireachta a thairgtear don Aontas lasmuigh den tréimhse sin, féachfaidh an tAontas le freagairt laistigh de 5 lá féilire, agus laistigh de 7 lá féilire ar a mhéad.

Speiceas agus limistéir bhainistíochta faoi seach in LEE na Graonlainne lasmuigh de 12 mhuirmhíle ón mbonnlíne	Deiseanna táscacha
Ronnaigh i bhfolimistéir II, V, XII agus XIV CITM	0
Gránádóirí speicis. i bhfolimistéir II, V, XII agus XIV CITM (6)	100
Gránádóirí speicis. i bholimistéar 1 NAFO	100
Foghabháil	300

2. Le haghaidh gach bliana ar feadh thréimhse an Phrótacail seo agus tráth nach déanaí ná an 1 Nollaig an bhliain roimhe sin, glacfaidh an Comhchoiste leibhéal iarbhír na ndeiseanna iascaireachta i gcomhair na speiceas atá liostaithe thuas, bunaithe ar an leibhéal táscach a leagtar amach i mír 1 agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch atá ar fáil, na pleananna bainistíochta ábhartha a ghlacann Rialtas na Graonlainne nó eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, an cur chuige réamhchúraim agus riachtanais thionscal iascaireachta na Graonlainne.

3. Más rud é go bhfuil na deiseanna iascaireachta iarbhír le haghaidh speicis áirithe níos ísle ná mar a léirítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Comhchoiste deiseanna iascaireachta eile a thabhairt mar chúiteamh sa bhliain chéanna. Mura ndéantar aon chúiteamh a chomhaontú, déanfaidh an Comhchoiste an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a), a choigeartú go comhréireach leis na deiseanna iascaireachta i gcoibhneas leis na deiseanna iascaireachta táscacha i mír 1 den Airteagal seo.

4. Má tá na deiseanna iascaireachta iarbhír níos mó ná mar a léirítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh an Comhchoiste an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(2), pointe (a), a choigeartú go comhréireach.

5. Sa bhreis ar an bpróiseas bliantúil a dtugtar tuairisc air i míreanna 2 go 4 den Airteagal seo, d'fhéadfadh an Ghraonlainn deiseanna iascaireachta breise i ndáil leis na speicis a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo a thairiscint agus d'fhéadfadh an tAontas iad a ghlacadh i bpáirt nó go hiomlán. Sna himthosca sin, déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar na deiseanna iascaireachta breise agus déanfaidh sé an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a), a choigeartú go comhréireach. Tabharfaidh údaráis inniúla an Aontais freagra don Ghraonlainn tráth nach déanaí ná 6 seachtaine ón tairiscint a fháil.

6. Cloífidh soithí de chuid an Aontais a oibríonn in LEE na Graonlainne leis na rialacha is infheidhme maidir le foghabháil, le haghaidh speicis rialáilte agus neamhrialáilte araon, agus maidir le toirmeasc ar aschur.

7. Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn 'foghabháil' gabháil aon orgánach muirí beo nach luaitear mar spriocspeiceas ar údarú iascaireachta an tsoithigh nó nach gcomhlíontar na híoscheanglais méide leo.

8. Is éard a bheidh sa teorainn foghabhála ráta 5 % in iascaigh séaclaí Artacha agus 10 % in iascaigh eile.

9. Ní thugfar aon údarú iascaireachta sonrach maidir le foghabhálacha.

10. Déanfar na gabhálacha uile, lena n áirítear foghabhálacha agus ábhair mhuirí aischurtha, a thaifeadadh agus a thuairisciú de réir an speicis i gcomhréir le Reachtaíocht na Graonlainne is infheidhme.

11. Ní íocfar aon táille údaraithe iascaireachta sonrach i ndáil le foghabhálacha, ós rud é gur socraíodh na táillí a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo le haighaidh spriocspeiceas agus na rialacha a bhaineann le foghabhálacha údaraithe á gcur san áireamh.

12. Sa bhreis ar na rátaí agus rialacha foghabhála dá dtagraítear i míreanna 7 go 11, agus gan dochar dóibh sin, cuirfidh soithí de chuid an Aontais straitéisí iascaireachta chun feidhme chun a áirithiú nach bhfuil foghabhálacha péirsí mara agus trosc in iascaigh atá dírithe ar haileabónna Graonlannacha, agus foghabhálacha péirsí mara agus haileabónna Graonlannacha in iascaigh atá dírithe ar throsc agus foghabhálacha trosc agus haileabónna Graonlannacha in iascaigh atá dírithe ar phéirsí mara níos mó ná 5 % de na gabhálacha údaraithe i ndáil leis na spriocspeicis in aghaidh an turais. Is éard atá i dturas an tréimhse ón tráth a théann na soithí isteach in LEE na Graonlainne go dtí an tráth a imíonn siad uaidh. I gcás ina ndéantar soitheach a dhíluchtú go hiomlán i gcalafort de chuid na Graonlainne, caithfear le gabhálacha ina dhiaidh sin mar thuras nua.

(6) Ní dhíreofar ar ghránadóirí cruinnsocacha ná ar ghráinadóirí ceanngharbha, agus ní ghabhfar na speicis sin ach amháin mar fhoghabhálacha i dteannta spriocspeicis eile.

Airteagal 3

Ranníocaíocht airgeadais agus modhanna íocaíochta

1. Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 13 den Phrótacal seo, is éard a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chomhaontú EUR 17 296 857 in aghaidh na bliana.

2. Cuimseofar leis an ranníocaíocht airgeadais seo an méid seo a leanas:

(a) méid bliantúil EUR 14 096 857 i ndáil le rochtain a fháil ar LEE na Graonlainne faoi réir Airteagail 2(2) go (5), agus Airteagal 7;

(b) méid sonrach EUR 3 200 000 in aghaidh na bliana chun tacú le beartas earnála iascaigh na Graonlainne agus chun é a chur chun feidhme.

3. Ní bheidh méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais a íocfaidh an tAontas níos mó ná dhá oiread an mhéid a léirítear in Airteagal 3(2), pointe (a).

4. Íocfaidh an tAontas an méid a leagtar amach i mír 2, pointe (a), tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa chéad bhliain agus tráth nach déanaí ná an 1 Márta sna blianta ina dhiaidh sin. Íocfaidh an tAontas an méid sonrach a leagtar amach i mír 2, pointe (b), tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa chéad bhliain agus tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh sna blianta ina dhiaidh sin.

5. Beidh lánrogha ag údaráis na Graonlainne maidir le húsáid na ranníocaíochta airgeadais mar a shonraítear i mír 2, pointe (a).

6. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais isteach i gcuntas cisteáin phoiblí a osclófar le hinstitiúid airgeadais a shonraíonn údaráis na Graonlainne.

Airteagal 4

Tacaíocht earnála

1. Beidh an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh tacaíocht earnála a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (b), ar leithligh ó na híocaíochtaí i ndáil le costais rochtana. Cinnfear an ranníocaíocht airgeadais de réir chuspóirí bheartas earnála iascaigh na Graonlainne, a sainaithneoidh an Comhchoiste, a bheith bainte amach agus braithfidh sí ar an méid sin, agus i bhfianaise an chlársceidealaithe bhliantúil agus ilbhliantúil chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

2. Chomh luath a thiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm, agus tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta sin, déanfaidh an Comhchoiste clár earnála ilbhliantúil a chomhaontú, mar aon le rialacha cur chun feidhme mionsonraithe lena gcumhdófar an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) treoirlínte bliantúla agus ilbhliantúla maidir leis an gcuid den ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b), a úsáid i gcomhair na dtionscnamh atá le comhlíonadh gach bliain;

(b) na cuspóirí, idir chuspóirí bliantúla agus ilbhliantúla, atá le baint amach d'fhonn a áirithiú go leanfar, le himeacht ama, le hiascaireacht fhreagrach agus iascaigh inbhuanaithe, bunaithe ar thosaíochtaí bheartas iascaigh náisiúnta na Graonlainne agus beartais eile a bhaineann le leanúint le hiascaireacht fhreagrach agus iascaigh inbhuanaithe nó a bhfuil tionchar orthu ar an méid sin;

(c) na critéir agus na nósanna imeachta chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear gach bliain.

3. Déanfar aon leasú atá molta ar an gclár earnála ilbhliantúil a bheith comhaontaithe ag an gComhchoiste.

4. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh tacaíocht earnála bunaithe ar anailís mhionsonraithe ar thorthaí na tacaíochta earnála agus ar na riachtanais arna sainaithint le linn an chlársceidealaithe. Féadfaidh an tAontas íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais sonraí sin a chur ar fionraí, go páirteach nó go hiomlán:

(a) mura bhfuil na torthaí a fhaightear comhsheasmhach leis an gclársceidealú, tar éis meastóireachta arna déanamh ag an gComhchoiste;

(b) mura gcuirtear an ranníocaíocht airgeadais sin chun feidhme i gcomhréir leis an gclársceidealú a chomhaontaítear.

I gcás fhionraí na híocaíochta, ceanglaítear ar an Aontas fógra a thabhairt i scríbhinn faoina rún 3 mhí ar a laghad roimh an dáta a bheidh éifeacht ag an bhfionraí.

Cuirfear tús leis an ranníocaíocht airgeadais a íoc arís tar éis do na Páirtithe dul i gcomhairle le chéile agus comhaontú, nó i gcás ina bhfuil údar leis sin de réir thorthaí an chur chun feidhme airgeadais dá dtagraítear i mír 5.

I gcás ina gcuirtear an prótacal ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 8, déanfar méid na ranníocaíochta airgeadais a laghdú go comhréireach agus pro rata temporis de réir na tréimhse ar cuireadh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar fionraí lena linn.

5. Tá an Comhchoiste freagrach as gníomh leantach a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an chláir ilbhliantúil um thacaíocht earnála. Más gá, leanfaidh an dá Pháirtí an gníomh leantach sin tríd an gComhchoiste, tar éis don Phrótacal dul in éag go dtí go mbainfear leas iomlán as an gcontrapháirtí airgeadais sonrach a bhaineann leis an tacaíocht earnála a bhunaítear in Airteagal 3(2), pointe (b).

Airteagal 5

Comhar eolaíoch

Geallann an dá Pháirtí go gcuirfidh siad comhar chun cinn a mhéid a bhaineann le hiascaireacht fhreagrach, lena n-áirítear ar leibhéal réigiúnach, go háirithe laistigh de NEAFC agus NAFO agus aon chomhlacht foréigiúnach nó idirnáisiúnta eile lena mbaineann. Féadfaidh an Comhchoiste breathnú ar an mbealach is fearr chun a áirithiú go ndéanfar saothrú inbhuanaithe ar acmhainní iascaigh, i gcomhréir leis na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta ábhartha.

Airteagal 6

Iascaigh thurgnamhacha

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, lena n-áirítear faoi chuimsiú Airteagal 4, chun iascaigh thurgnamhacha inbhuanaithe a chur chun feidhme i ndáil le speicis agus stoic nach gcuirtear san áireamh in Airteagal 2(1) tríd an bpróiseas a leagtar amach i gCaibidil VI den Iarscríbhinn agus gan tionchar a bheith aige sin ar ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a).

Airteagal 7

Deiseanna iascaireachta nua

1. Is éard atá i ndeiseanna iascaireachta nua na deiseanna iascaireachta i gcomhair speiceas agus limistéir bainistíochta faoi seach atá le cuimsiú in Airteagal 2(1), faoi réir méadú comhréireach sa chuid sin den ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a).

2. Nuair a léiríonn ceachtar Páirtí spéis i ndeis iascaireachta nua a chur san áireamh in Airteagal 2(1), déanfaidh an Comhchoiste é a bhreithniú bunaithe ar dhlíthe agus rialacháin na Graonlainne, ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, ar riachtanas thionscal iascaireachta na Graonlainne, agus ar an gcur chuige réamhchúraim. Beidh deiseanna iascaireachta nua faoi réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 2(2) go (5) ina dhiaidh sin. Socróidh an Comhchoiste an praghas tagartha do na speicis nua freisin, chomh maith leis na táillí údaraithe a chuirfear i bhfeidhm go dtí dáta éaga an Phrótacail seo.

Airteagal 8

An Prótacal seo a chur ar fionraí agus athbhreithniú a dhéanamh ar an ranníocaíocht airgeadais

1. Féadfar cur i bhfeidhm an Phrótacail seo, lena n-áirítear íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais, a chur ar fionraí, nó a athbhreithniú amhail an ranníocaíocht airgeadais, ar thionscnamh ceachtar den dá Pháirtí faoi cheann amháin nó níos mó de na cúinsí seo a leanas:

(a) i gcás ina dtagann cásanna chun cinn, seachas feiniméin nádúrtha, atá lasmuigh de rialú réasúnach na bPáirtithe agus ar cásanna iad de chineál a choisceann gníomhaíochtaí iascaireachta in LEE na Graonlainne;

(b) i gcás ina n iarrann aon cheann de na Páirtithe athbhreithniú ar na forálacha d'fhonn leasú féideartha a dhéanamh ar an bPrótacal, mar thoradh ar athruithe suntasacha sna treoirlínte beartais as ar eascair tabhairt i gcrích an Phrótacail seo;

(c) i gcás ina dtarlaíonn díospóid thromchúiseach neamhréitithe laistigh den earnáil iascaigh idir na Páirtithe nó maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe; nó

(d) i gcás ina bhfionnann ceachtar den dá Pháirtí sárú ar chearta bunúsacha mar a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach.

Ní bheidh feidhm ag an bpointer seo má tharlaíonn an sárú in aon limistéar freagrachta nó réimse inniúlachta nach bhfuil freagrachtaí foirmiúla nó inniúlachtaí foirmiúla ag Rialtas na Graonlainne ann, de thoradh stádas na Graonlainne mar chuid fhéinrialaitheach de Ríocht na Danmhairge.

2. Féadfaidh an tAontas íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais le haghaidh tacaíocht earnála dá bhforáiltear in Airteagal 3(2), pointe (b), a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 4(4).

3. I gcás ina gcuirtear cur i bhfeidhm an Phrótacail seo ar fionraí, lena n-áirítear íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais, ceanglófar ar an bPáirtí lena mbaineann fógra a thabhairt i scríbhinn faoina rún 3 mhí ar a laghad roimh an dáta a bheidh éifeacht ag an bhfionraí, ach amháin i gcásanna lena mbaineann práinn ar leith.

4. Cuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm arís, lena n-áirítear an ranníocaíocht airgeadais a íoc, a luaithe a réiteofar an cás tar éis gníomhaíochtaí chun na cúinsí a mhaolú dá dtagraítear i mír 1 agus tar éis don dá Pháirtí dul i gcomhairle le chéile agus comhaontú a dhéanamh. Déanfar méid na ranníocaíochta airgeadais a laghdú go comhréireach agus pro rata temporis de réir na tréimhse ar cuireadh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar fionraí lena linn.

Airteagal 9

Foirceannadh

Tar éis foirceannadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 17(1) agus Airteagal 17(2) den Chomhaontú, déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Phrótacal don bhliain ina gcuirtear an foirceannadh i bhfeidhm a laghdú go comhréireach agus pro rata temporis.

Airteagal 10

Dlíthe agus rialacháin náisiúnta

1. Beidh gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais faoi rialú na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme sa Ghraonlainn agus i Ríocht na Danmhairge agus iad ag oibriú in LEE na Graonlainne, gan dochar do fhreagrachtaí soithí de chuid an Aontais maidir le reachtaíocht an Aontais, mura bhforáiltear dá mhalairt faoin gComhaontú, faoin bPrótacal seo nó faoin Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

2. Cuirfidh an Ghraonlainn an tAontas ar an eolas faoi aon athrú nó aon reachtaíocht nua is ábhartha maidir le soithí eachtracha a dhéanann iascaireacht in LEE na Graonlainne in am trátha sula dtagann an t-athrú sin nó an reachtaíocht nua i bhfeidhm. Féachfaidh an Ghraonlainn le fógra a thabhairt, aon uair is féidir, faoi athruithe ar an reachtaíocht 3 mhí ar a laghad sula gcuirfear chun feidhme iad.

Airteagal 11

Cosaint sonraí

1. Áiritheoidh na Páirtithe go n-úsáidfidh an t-údarás inniúil na sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú chun an Comhaontú Iascaigh a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin, agus go háirithe chun bainistíocht iascaigh agus taighde eolaíoch a dhéanamh agus chun faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht.

2. Maidir le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus sonraí pearsanta a bhaineann le soithí de chuid an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta, ar sonraí iad a fuarthas faoi chuimsiú an Chomhaontaithe, mar aon le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála a bhaineann le córais chumarsáide a úsáideann an tAontas, geallann na Páirtithe go n-áiritheoidh siad go bpléifear leo mar fhaisnéis atá rúnda. Féadfar sonraí a bhaineann le soithí de chuid an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a fhoilsiú mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta ábhartha, go háirithe § 52 i nGníomh Uimh. 29 an 23 Bealtaine 2024 um Iascach arna eisiúint ag Inatsisartut (Parlaimint na Graonlainne), chun trédhearcacht a áirithiú maidir le hoibríochtaí iascaireachta. Beidh feidhm ag an dlí sin ar bhealach neamh-idirdhealaitheach maidir leis na soithí uile a dhéanann iascaireacht in LEE na Graonlainne.

3. Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach i ndáil le hábhar na sonraí.

4. Déanfar sonraí pearsanta a mhalartófar faoi chuimsiú an Chomhaontaithe a phróiseáil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo. Féadfaidh an Comhchoiste coimircí agus leigheasanna dlí breise maidir le sonraí pearsanta agus cearta na ndaoine lena mbaineann a leagan síos.

5. Na sonraí a mhalartaítear faoi chuimsiú an Chomhaontaithe, leantar dá bpróiseáil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le Foscríbhinn 6 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo, fiú tar éis don Phrótacal seo dul in éag.

Airteagal 12

Cur i bhfeidhm sealadach

Cuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm ar bhonn sealadach amhail ón dáta a síneoidh an dá Pháirtí é.

Airteagal 13

Fad tréimhse

Beidh feidhm ag an bPrótacal agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis ar feadh tréimhse 6 bliana ón dáta a chuirtear tús lena chur i bhfeidhm sealadach.

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Prótacal seo agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis i bhfeidhm an dáta a thugann na Páirtithe fógra dá chéile gur cuireadh na nósanna imeachta is gá chun na críche sin i gcrích.

Airteagal 15

Téacsanna barántúla

Tarraingeofar an Prótacal seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs.

Á FHIANÚ SIN, shínigh na lánchumhachtaigh anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, an Prótacal seo.

Съставено в Брюксел на дванадесети декември две хиляди двадесет и четвърта година.

Hecho en Bruselas, el doce de diciembre de dos mil veinticuatro.

V Bruselu dne dvanáctého prosince dva tisíce dvacet čtyři.

Udfærdiget i Bruxelles den tolvte december to tusind og fireogtyve.

Geschehen zu Brüssel am zwölften Dezember zweitausendvierundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne neljanda aasta detsembrikuu kaheteistkümnendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις δώδεκα Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες είκοσι τέσσερα.

Done at Brussels on the twelfth day of December in the year two thousand and twenty-four.

Fait à Bruxelles, le douze décembre deux mille vingt-quatre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an dóú lá déag de mhí na Nollag sa bhliain dhá mhíle fiche a ceathair.

Sastavljeno u Bruxellesu dvanaestog prosinca godine dvije tisuće dvadeset četvrte.

Fatto a Bruxelles, addì dodici dicembre duemilaventiquattro.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit ceturtā gada divpadsmitajā decembrī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt ketvirtų metų gruodžio dvyliktą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonnegyedik év december havának tizenkettedik napján.

Magħmul fi Brussell, fit-tnax-il jum ta' Diċembru fis-sena elfejn u erbgħa u għoxrin.

Gedaan te Brussel, twaalf december tweeduizend vierentwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia dwunastego grudnia roku dwa tysiące dwudziestego czwartego.

Feito em Bruxelas, em doze de dezembro de dois mil e vinte e quatro.

Întocmit la Bruxelles la doisprezece decembrie două mii douăzeci şi patru.


V Bruseli dvanásteho decembra dvetisícdvadsaťštyri.

V Bruslju, dvanajstega decembra dva tisoč štiriindvajset.

Tehty Brysselissä kahdentenatoista päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäneljä.

Som skedde i Bryssel den tolfte december år tjugohundratjugofyra.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαική Ενωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



За правителството на Гренландия
Por el Gobierno de Groenlandia
Za vládu Grónska
For Naalakkersuisut
Für die Regierung Grönlands
Gröönimaa valitsuse nimel
Για την κυβέρνηση της Γροιλανδίας
For the Government of Greenland
Pour le gouvernement du Groenland
Thar ceann Rialtas na Graonlainne
Za Vladu Grenlanda
Per il governo della Groenlandia
Grenlandes valdības vārdā –
Grenlandijos Vyriausybės vardu
Grönland kormánya részéről
Għall-Gvern ta' Greenlan
Voor de regering van Groenland
W imieniu Rządu Grenlandii
Pelo Governo da Gronelândia
Pentru Guvernul Groenlandei
Za vládu Grónska
Za vlado Grenlandije
Grönlannin hallituksen puolesta
För Grönlands regering



За правителството на Дания
Por el Gobierno de Dinamarca
Za vládu Dánska
For Danmarks regering
Für die Regierung Dänemarks
Taani valitsuse nimel
Για την κυβέρνηση της Δανίας
For the Government of Denmark
Pour le gouvernement du Danemark
Thar ceann Rialtas na Danmhairge
Za Vladu Danske
Per il governo della Danimarca
Dānijas valdības vārdā –
Danijos Vyriausybės vardu
Dánia kormánya részéről
Għall-Gvern tad-Danimarka
Voor de regering van Denemarken
W imieniu Rządu Danii
Pelo Governo da Dinamarca
Pentru Guvernul Danemarcei
Za vládu Dánska
Za Vlado Danske
Tanskan hallituksen puolesta
För Danmarks regering



IARSCRÍBHINN

NA COINNÍOLLACHA LENA RIALAÍTEAR GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA A DHÉANANN SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS FAOIN bPRÓTACAL MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA MAIDIR LE hIASCAIGH INBHUANAITHE IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS RIALTAS NA GRAONLAINNE AGUS RIALTAS NA DANMHAIRGE, DEN PHÁIRT EILE

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Údarás inniúil a ainmniú

Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallaíonn 'údarás inniúil':

— thar ceann an Aontais: An Coimisiún Eorpach,

— thar ceann na Graonlainne: Aireacht Iascaigh agus Fiaigh.

2. Ciallaíonn 'údarú iascaireachta' ceadúnas a eisítear i leith soitheach de chuid an Aontais lena dtugtar teideal dó gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh le linn tréimhse sonraí, i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na Graonlainne mar a shainaithnítear i mír 3.

3. Limistéar iascaireachta

3.1. Beidh an t-iascach laistigh de LEE na Graonlainne mar a fhoráiltear i Rialachán Uimh. 1020 an 20 Deireadh Fómhair 2004 i gcomhréir le Foraithne Ríoga Uimh. 1005 an 15 Deireadh Fómhair 2004 maidir le Teacht i bhFeidhm an Ghnímh maidir le Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha le haghaidh na Graonlainne lena gcuirtear i bhfeidhm Gníomh Uimh. 411 an 22 Bealtaine 1996 maidir le Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha.

3.2. Beidh an t-iascach 12 mhuirmhíle ar a laghad ón mbonnlíne i gcomhréir le§ 13 Roinn 2 de Ghníomh Uimh. 29 an 23 Bealtaine 2024 um Iascach arna eisiúint ag Inatsisartut (Parlaimint na Graonlainne).

3.3. Sainmhínítear an bhonnlíne i gcomhréir le Foraithne Ríoga Uimh. 1004 an 15 Deireadh Fómhair 2004 maidir le Leasú na Foraithne Ríoga i ndáil le Teorannú Uiscí críche na Graonlainne.

CAIBIDIL II

IARRATAS A DHÉANAMH AR ÚDARUITHE IASCAIREACHTA AGUS IAD A EISIÚINT

1. Coinníollacha maidir le húdaruithe iascaireachta a fháil

1.1. Ní féidir an t-údarú iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chomhaontú a dheonú ach d'úinéirí soithí de chuid an Aontais atá ar chlár soithí iascaireachta an Aontais. Chun iascaireacht a dhéanamh faoin scéim solúbthachta i ndáil leis an bpéirse mhara pheiligeach, ní mór fógra faoi na soithí a thabhairt do NEAFC freisin i gcomhréir lena chuid rialacha. Thairis sin, ní bheidh siad ar liosta soithí NNN aon eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh.

1.2. Chun go mbeadh soitheach incháilithe, ní féidir cosc a bheith ar úinéir an tsoithigh, ar mháistir an tsoithigh ná ar an soitheach féin iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Graonlainne. Beidh oibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú comhlíonta acu roimh ré, lena n-áirítear sampláil eolaíoch de réir mar a cheanglaítear sna húdaruithe iascaireachta.

2. Iarratas ar údaruithe iascaireachta

2.1. Cuirfear iarratais agus údaruithe iascaireachta in iúl ar an mbealach seo a leanas go dtí go gcuirfidh an dá Pháirtí córas leictreonach ceadúnas chun feidhme go comhpháirteach.

2.2. Déanfaidh údarás inniúil an Aontais an t-iarratas (comhchoiteann) ar údarú iascaireachta nó údaruithe iascaireachta ó shoitheach amháin nó níos mó atá ag iarraidh iascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú a chur faoi bhráid údarás inniúil na Graonlainne go leictreonach. Déandar iarratas den sórt sin agus úsáid á baint as an bhfoirm atá ar fáil i bhfoscríbhinn 1. I gcás soithí de chuid an Aontais ar leis an úinéir céanna nó an gníomhaire céanna iad, féadfar iarratas comhchoiteann ar údarú iascaireachta a chur isteach ar choinníoll go bhfuil bratach an Bhallstáit chéanna ar foluain ag na soithí sin go léir.

2.3. Ní mór cruthúnas a bheith ag gabháil le gach iarratas ar údarú iascaireachta, lena gcruthaítear gur íocadh an táille i leith na speiceas agus na gcainníochtaí arna n-iarraidh i gcomhréir le mír 7.

2.4. Má mheasann údarás inniúil na Graonlainne go bhfuil iarratas neamhiomlán nó nár comhlíonadh na coinníollacha faoi mhíreanna 1, 2.2 agus 2.3, cuirfear na cúiseanna leis sin in iúl d'údarás inniúil an Aontais a luaithe is féidir, agus in aon chás laistigh de 7 lá oibre ón dáta a fhaigheann an Ghraonlainn an t-iarratas.

3. Údaruithe iascaireachta a eisiúint

3.1. Déanfaidh údarás inniúil na Graonlainne an t-údarú iascaireachta a tharchur go leictreonach chuig údarás inniúil an Aontais laistigh de 10 lá oibre ón dáta a chuirtear an t-iarratas isteach. Beidh an luach céanna ag an údarú iascaireachta a tharchuirfear go leictreonach agus atá ag an mbunchóip chun críocha an Phrótacail, na hIarscríbhinne seo agus na bhFoscríbhinní a ghabhann leis.

3.2. Léireofar i ngach údarú iascaireachta an chainníocht údaraithe a ghabhfar, chomh maith le haon teorainn agus /sonraíocht a d'fhéadfadh a bheith infheidhme, lena n-áirítear speicis, criosanna geografacha nó doimhneachtaí. In údarú iascaireachta a eiseofar faoi iarratas comhchoiteann, léireofar cainníocht iomlán na speiceas ar íocadh táille an údaraithe iascaireachta ina leith.

3.3. Ní mór an t-údarú iascaireachta nó cóip de a choimeád ar bord i gcónaí agus a chur i láthair ar iarratas ó údarás inniúil na Graonlainne.

3.4 Eiseofar údarú iascaireachta chuig úinéir soithigh iascaireachta amháin, agus ní mór é a bheith luaite ann cé na soithí iascaireachta a bhfuil cead acu iascaireacht a dhéanamh faoin údarú sin. Ní bheidh údaruithe iascaireachta inaistrithe.

3.5. Ní féidir soitheach a oibriú ach ar údarú nó údaruithe aon úinéara soithigh iascaireachta amháin ar aon turas iascaireachta.

4. Údaruithe iascaireachta a leasú

4.1. Beidh leasú ar aon cheann de na cainníochtaí nó coinníollacha údaraithe a léirítear san údarú iascaireachta faoi réir iarratas nua.

4.2. Gan dochar do mhír 4.3, i gcás ina mbaineann an leasú ar an údarú iascaireachta le cainníochtaí arna ngabháil atá níos mó ná an méid a údaraíodh cheana féin, íocfaidh úinéir an tsoithigh táille a bheidh comhionann le trí oiread an mhéid dá bhforáiltear i mír 7.1 i ndáil leis an gcainníocht de bhreis ar an gcainníocht údaraithe. Ní eiseofar aon údarú iascaireachta nua chuig an soitheach sin go dtí go n-íocfar na táillí a bhaineann leis na cainníochtaí breise.

4.3. I gcásanna eisceachtúla, nuair nach mbaintear úsáid iomlán as deiseanna iascaireachta an Aontais i gcomhair na speiceas ábhartha, agus ionas nach gcuirfear isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta shoitheach de chuid an Aontais in LEE na Graonlainne a bhfuil údarú iascaireachta aige faoin bPrótacal, agus chun na críche sin amháin, má mheastar go sáróidh an soitheach sin an chainníocht údaraithe, tabharfaidh an Stát brataí fógra d'údarás inniúil na Graonlainne láithreach, agus seolfaidh sé cóip chuig údarás inniúil an Aontais, maidir lena rún iarratas foirmiúil a chur isteach ar údarú iascaireachta nua le haghaidh cainníochtaí breise den speiceas céanna. Ceadófar don soitheach leanúint ar aghaidh ag iascaireacht ar choinníoll go gcuireann an úinéir an tsoithigh cruthúnas gur íocadh na táillí ábhartha ar fáil d'údarás inniúil na Graonlainne laistigh de 24 uair an chloig ón bhfógra ón stát brataí agus ar choinníoll go gcuirtear an t-iarratas comhfhreagrach ar údarú iascaireachta nua ar aghaidh chuig údarás inniúil na Graonlainne laistigh de 5 lá oibre ó dháta an fhógra ón stát brataí i gcomhréir leis an nós imeachta faoi mhír 2. Má theipeann ar shoitheach na forálacha sin a chomhlíonadh, cuirfear an soitheach faoi réir an nós imeachta a luaitear faoi mhír 4.2.

4.4. I líon teoranta cásanna, arna iarraidh sin d'údarás inniúil an Aontais, féadfar údarú iascaireachta nua le haghaidh soitheach eile de chuid an Aontais a chur in ionad údaruithe iascaireachta soithigh. Déanfar an t-athsholáthar sin ar bhonn iarratais a chuirfear isteach trí údarás inniúil an Aontais. Léireofar leis na húdaruithe iascaireachta nua an chainníocht údaraithe is féidir a ghabháil a chomhfhreagraíonn do chainníocht na speiceas ar íocadh táillí údaraithe iascaireachta ina leith cheana lúide aon ghabháil arna glacadh ag an gcéad soitheach cheana.

4.5. Rachaidh údarú iascaireachta a ndearnadh athsholáthar air in éag an lá a eisíonn údarás inniúil na Graonlainne an t-údarú nua.

5. Tréimhse bhailíochta údaruithe iascaireachta

5.1. Beidh údaruithe iascaireachta bailí ó dháta a n-eisiúna go dtí deireadh na bliana féilire ina n-eisítear an t-údarú iascaireachta.

5.2. A mhéid a bhaineann leis an iascach caibeallán, eiseofar údaruithe iascaireachta de réir na ndátaí a chomhaontaíonn na Stáit Chósta ina gcreat-socruithe agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 2(2) agus Airteagal 2(3) den Phrótacal.

5.3. Reachtaíocht an Aontais lena socraítear na deiseanna iascaireachta i gcomhair bliain áirithe le haghaidh soithí de chuid an Aontais, in uiscí ina bhfuil gá le teorainneacha gabhála, i gcás nach nglactar an reachtaíocht sin faoi thús na bliana iascaireachta, maidir le soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú acu chun iascaireacht a dhéanamh an 31 Nollaig sa bhliain iascaireachta roimhe sin, féadfar údarú a thabhairt dóibh sa bhliain nár glacadh an reachtaíocht ina leith fós ar choinníoll go gceadaítear amhlaidh de réir na comhairle eolaíche. Ceadófar úsáid shealadach a bhaint as 1/12ú den chuóta a léirítear in údarú iascaireachta na bliana roimhe sin, in aghaidh na míosa, ar choinníoll go n-íocfar an táille údaraithe iascaireachta is infheidhme as an gcuóta sin. Féadfar an cuóta sealadach a choigeartú i ndáil leis an gcomhairle eolaíoch agus coinníollacha an iascaigh shonraigh.

5.4. Féadfar an chainníocht neamhúsáidte d'údarú iascaireachta le haghaidh Séaclaí Artacha agus Haileabónna Graonlannacha a aistriú, arna iarraidh sin d'údarás inniúil an Aontais, an 31 Nollaig i mbliain ar leith, go dtí an bhliain ina dhiaidh sin go dtí uasmhéid 25 % den chainníocht iomlán a chionroinntear ar an údarú iascaireachta le haghaidh na bliana ar leith. Ní chuimsítear leis an méid sin aon aistriú ón mbliain roimhe sin. Déanfar cainníochtaí aistrithe neamhúsáidte a aistriú ar ais chuig an mbliain roimhe sin mar chainníocht iascaireachta neamhúsáidte tar éis an 31 Nollaig.

6. Údaruithe iascaireachta a chur ar fionraí agus a thabhairt ar ais

Féadfaidh an Ghraonlainn údaruithe iascaireachta dá bhforáiltear san Iarscríbhinn seo a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) tá sárú tromchúiseach ar dhlíthe agus rialacháin na Graonlainne á dhéanamh ag soitheach sonrach; nó

(b) maidir le hordú cúirte arna eisiúint maidir le sárú i ndáil le soitheach sonrach, ní ndéarna an longúinéir an t-ordú sin a urramú; a luaithe a urramófar an t-ordú cúirte, déanfar an t-údarú iascaireachta don soitheach a athchur ar feadh na tréimhse atá fágtha den údarú iascaireachta.

7. Táille an údaraithe iascaireachta, íocaíocht agus aisíocaíocht

7.1. Is mar a leanas na táillí údaraithe iascaireachta a bheidh le híoc ag soithí de chuid an Aontais:

Speiceas	EUR in aghaidh an tona 2025/2026	EUR in aghaidh an tona 2027/2028	EUR in aghaidh an tona 2029/2030
An trosc	208	225	252
An phéirse mhara pheiligeach	136	147	165
An phéirse mhara ghrinnill	136	147	165
An haileabó Graonlannach	321	347	389
An Séacla Artach — An tIarthar	250	270	302
An Séacla Artach — An tOirthear	188	203	228
An caibeallán	23	25	28

7.2. Sula gcuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm, maidir le sonraí chuntais bhainc an Rialtais a úsáidfear le haghaidh na n-íocaíochtaí uile ó longúinéirí ar feadh thréimhse an Phrótacail, cuirfidh údarás inniúil na Graonlainne in iúl don Aontas iad. Tabharfaidh údarás inniúil na Graonlainne fógra faoi aon athrú d'údarás inniúil an Aontais 2 mhí ar a laghad roimh ré.

7.3. Cuimseofar le híocaíocht na táille na muirir uile náisiúnta agus áitiúla a bhaineann le rochtain ar ghníomhaíochtaí iascaireachta chomh maith le muirir a fhorchuireann bainc i leith aistrithe airgid. I gcás nár íoc soitheach an muirear aistrithe bainc ceanglófar go n-íocfadh sé an méid sin leis an gcéad iarratas eile ar údarú iascaireachta a chuireann an soitheach sin isteach agus beidh sé sin ina réamhchoinníoll maidir le údarú iascaireachta nua a eisiúint.

7.4. Mura ngabhtar an chainníocht údaraithe, ní dhéanfar an táille a chomhfhreagraíonn don chainníocht údaraithe sin a aisíoc leis an longúinéir.

7.5. I gcás ina bhfuil Airteagal 8 nó 9 den Phrótacal infheidhme áfach, agus nach féidir le soitheach iascaireacht a dhéanamh chun aon chuid den ghabháil údaraithe a fháil dá dhroim sin, nó i gcás nach n-éiríonn le hiarratas ar údarú iascaireachta, déanfaidh údarás inniúil na Graonlainne an táille údaraithe a aisíoc go hiomlán leis an úinéir soithigh laistigh de 60 lá féilire ón lá a dhéantar an t-iarratas ar aisíocaíocht.

7.6. Ní íocfar táille údaraithe iascaireachta i leith foghabhálacha.

8. Praghsanna tagartha

8.1. Is mar a leanas na praghsanna tagartha le haghaidh speiceas:

Speiceas	Praghas beomheáchain in EUR in aghaidh an tona
An trosc	3 000
An phéirse mhara pheiligeach	1 900
An phéirse mhara ghrinnill	1 900
An haileabó Graonlannach	4 960
An séacla Artach	4 726
An ronnach	PM
An caibeallán	400
An gránádóir spp.	1 735
Foghabháil	2 200

8.2. An ranníocaíocht airgeadais bhliantúil ón Aontas leis an nGraonlainn i ndáil leis an gcúiteamh airgeadais as rochtain ar LEE na Graonlainne, tá sí bunaithe ar íocaíocht le haghaidh cuótaí ag 17,5 % den phraghas tagartha le haghaidh na ndeiseanna iascaireachta comhaontaithe i gcomhair na speiceas sa Phrótacal.

CAIBIDIL III

BEARTA TEICNIÚLA CAOMHNÚCHÁIN

Sula gcuirfear an Prótacal i bhfeidhm go sealadach, cuirfidh údarás inniúil na Graonlainne leagan Béarla de reachtaíocht ábhartha na Graonlainne a bhaineann le bearta teicniúla caomhnúcháin, faireachán, rialú agus faireachas ar fáil d'údarás inniúil an Aontais.

CAIBIDIL IV

FAIREACHÁN, RIALÚ AGUS FAIREACHAS

Roinn 1

Taifeadadh agus tuairisciú

1. Beidh gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais faoi rialú na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme sa Ghraonlainn agus i Ríocht na Danmhairge agus iad ag oibriú in LEE na Graonlainne, gan dochar do fhreagrachtaí soithí de chuid an Aontais maidir le reachtaíocht an Aontais, mura bhforáiltear dá mhalairt faoin gComhaontú, faoin bPrótacal seo, faoin Iarscríbhinn seo agus faoi na Foscríbhinní a ghabhann leis seo.

2. Gan dochar do cheanglais tuairiscithe Lárionad Faireacháin Iascaigh (LFI) a stáit brataí, déanfaidh soithí de chuid an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú seo a n-oibleagáidí taifeadta agus tuairiscithe i ndáil le gníomhaíochtaí iascaireachta faoin gComhaontú a chur in iúl d'údarás inniúil na Graonlainne i gcomhréir le dlí is infheidhme na Graonlainne. Nuair a thiocfaidh an córas leictreonach tuairiscithe i bhfeidhm, cuirfear an Córas sin in ionad na bhforálacha tuairiscithe leictreonaigh i gCaibidil IV, Roinn 1.

3. Soláthróidh údarás inniúil na Graonlainne na logleabhair pháipéir ábhartha, de réir an spriocspeicis agus an trealaimh, arna iarraidh sin, agus seolfar ar aghaidh iad chuig ionadaí na soithí (gníomhaire) mar a léirítear san fhoirm iarratais ar údarú iascaireachta dá bhforáiltear i bhfoscríbhinn 1. Cuirfear sampla de gach cineál logleabhair ar fáil d'údarás inniúil an Aontais agus do Lárionad Faireacháin Iascaigh (LFI) an stáit brataí is infheidhme freisin.

4. Go dtí go gcuirfidh an dá Pháirtí córas leictreonach tuairiscithe chun feidhme, bainfear úsáid as na bearta atá ann cheana chun sonraí gabhála a bhailiú agus a tharchur. Líonfar isteach na fógraí agus logleabhair pháipéir atá ann cheana i gcomhréir le dlí is infheidhmena Graonlainne.

Córas leictreonach tuairiscithe

1. Geallann na Páirtithe go ndéanfaidh siad na córais TF a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, córais a bhfuil gá leo chun malartú leictreonach na faisnéise uile a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a áirithiú.

2. Déanfaidh an dá Pháirtí sa Chomhchoiste socruithe mionsonraithe maidir le cur chun feidhme na malartuithe leictreonacha éagsúla a shainiú agus a fhaomhadh, go háirithe maidir le gabhálacha a thuairisciú tríd an gcóras leictreonach tuairiscithe agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás mífheidhme.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil sé beartaithe caighdeán NA/FLUX (na Náisiúin Aontaithe/Fisheries Language for Universal eXchange) agus líonra malartaithe FLUX TL a chur chun feidhme chun suíomhanna soithí a mhalartú, logleabhair leictreonacha a úsáid agus b'fhéidir, údaruithe iascaireachta a bhainistiú amach anseo.

4. Cuirfear córas leictreonach tuairiscithe chun feidhme de réir tráthchláir arna shainiú ag an gComhchoiste bunaithe ar fhorálacha teicniúla atá fós le sainiú. Molfaidh na Páirtithe don Chomhchoiste an tréimhse is gá chun aistriú chuig córas leictreonach tuairiscithe agus é a chur chun feidhme, agus aon srian teicniúil féideartha á chur san áireamh.

5. Saineoidh an dá Pháirtí an tréimhse trialach is gá sula bhféadfaí aistriú chuig úsáid éifeachtach a bhaint as an gcaighdeán FLUX. A luaithe a bheidh na trialacha sin curtha i gcrích go rathúil, socróidh na Páirtithe, a luaithe is féidir, an dáta éifeachtach don aistriú chuig córas leictreonach tuairiscithe.

6. Nuair a bheidh córas leictreonach tuairiscithe lánfheidhmiúil, ní thabharfar údarú do shoitheach nach bhfuil córas leictreonach tuairiscithe aige dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta faoin bPrótacal.

7. Tabharfaidh an Ghraonlainn agus an tAontas fógra dá chéile láithreach faoi aon mhífheidhmiú i gcóras TF lena gcoisctear cumarsáid idir LFInna.

8. Go dtí go gcuirfidh an dá Pháirtí córas leictreonach tuairiscithe chun feidhme go comhpháirteach, ní mór cóip den logleabhar iascaireachta a sheoladh chuig údarás inniúil na Graonlainne ag deireadh gach turais iascaireachta sa phost nó le ríomhphost díreach tar éis dóibh teacht isteach sa chalafort.

Tabhairt i dtír agus trasloingsiú

Déanfaidh máistir an tsoithigh na sonraí maidir le tabhairt i dtír a cheanglaítear leis an gComhaontú a tharchur chuig údarás inniúil na Graonlainne tríd an gcóras leictreonach tuairiscithe. Ba cheart tabhairt i dtír gabhálacha i gcalafoirt lasmuigh den Ghraonlainn a chur san áireamh, gabhálacha a gabhadh faoi údaruithe iascaireachta ón nGraonlainn. Le linn thréimhse an aistrithe, agus go dtí go gcuirfear chun feidhme an córas leictreonach tuairiscithe, féachfaidh an máistir le sonraí maidir le tabhairt i dtír a tharchur ar an mbealach iomchuí de réir mar a chomhaontaíonn an dá Pháirtí.

Roinn 2

Córas satailít-bhunaithe um fhaireachán soithí (VMS)

1. Beidh aon soitheach a oibríonn faoin bPrótacal seo feistithe le córas satailít-bhunaithe um fhaireachán soithí (VMS) atá lánfheidhmiúil agus suiteáilte ar bord, lenar féidir tarchur uathoibríoch leanúnach a dhéanamh ar a shuíomh chuig LFI ar talamh a stáit brataí.

2. Le córas VTS na soithí atá faoi réir faireachán le satailítí faoin bPrótacal, déanfar suíomhanna soithí a tharchur go huathoibríoch chuig LFI a stáit brataí, a dhéanfaidh iad a tharchur chuig LFI na Graonlainne gan mhoill. Má chomhaontaíonn an dá Pháirtí, déanfar suíomhanna an tsoithigh a tharchur trí nód lárnach an Aontais trí úsáid a bhaint as caighdeán NA/FLUX agus as líonra malartaithe FLUX TL a luaithe a bheidh na tréimhsí trialach comhaontaithe curtha i gcrích go rathúil.

3. Ainmneoidh an stát brataí agus údaráis na Graonlainne comhfhreagraí VMS arb é a bheidh ann an pointe teagmhála.

Déanfaidh LFI an an stáit brataí agus an Ghraonlainn comhordanáidí (údarás, seoladh, teileafón, ríomhphost) a gcomhfhreagraí VMS faoi seach a chur in iúl roimh dháta chur i bhfeidhm an Phrótacail. Déanfar aon athrú ar shonraí teagmhála an chomhfhreagraí VMS a chur in iúl láithreach.

4. Déanfaidh pointí teagmhála VMS an fhaisnéis ábhartha uile a mhalartú maidir le trealamh soithí, na prótacail tarchurtha agus aon fheidhm eile is gá chun faireachán a dhéanamh le satailítí.

5. Leagtar amach na socruithe maidir le VMS a chur chun feidhme agus na nósanna imeachta i gcás mífheidhmithe i bhfoscríbhinn 3.

Roinn 3

Cigireacht ar muir nó i gcalafort

1. Is iad soithí agus cigirí na Graonlainne a aithnítear go soiléir i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún idirnáisiúnta a dhéanfaidh na cigireachtaí in LEE na Graonlainne nó i gcalafoirt soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu agus déanfar na cigireachtaí sin i gcomhréir le bearta FAO agus aon bheart Stáit Calafoirt ábhartha de chuid eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh.

2. Féadfaidh údarás inniúil gach páirtí iarraidh ar ionadaí ón bpáirtí eile breathnú ar chigireacht.

3. Féadfaidh údarás inniúil gach páirtí a dhéanann cigireacht idirnáisiúnta i limistéir rialála NEAFC agus NAFO iarraidh ar chigirí an pháirtí eile teacht ar bord soitheach cigireachta a bhfuil cigireacht idirnáisiúnta ar siúl acu.

Roinn 4

Scéim bhreathnóirí

1. Tá oibríochtaí iascaireachta in LEE na Graonlainne faoi réir na scéime breathnóirí dá bhforáiltear faoi dhlí na Graonlainne. Máistrí soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu chun iascaireacht a dhéanamh laistigh de LEE na Graonlainne, rachaidh siad i gcomhar le húdaráis inniúla na Graonlainne chun críche breathnóirí a ligean ar bord.

2. Is iad údaráis inniúla na Graonlainne a íocfaidh as tuarastal agus ranníocaíochtaí sóisialta an bhreathnóra.

3. Fad a bheidh na breathnóirí ar bord, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

   (a) na bearta uile is iomchuí a dhéanamh ionas nach gcuirfidh siad isteach ar oibríochtaí iascaireachta agus nach gcuirfidh siad bac ar a leithéid;

   (b) meas a léiriú ar an maoin agus an trealamh go léir atá ar bord; agus

   (c) meas a léiriú ar rúndacht aon doiciméid de chuid an tsoithigh.

4. Rachaidh an breathnóir ar bord i gcalafort nó ag suíomh sonrach ar muir a chomhaontófar idir údarás inniúil na Graonlainne agus an máistir. Mura dtagann an breathnóir chun an soitheach a bhordáil laistigh de 3 uair an chloig ón dáta agus an t-am arna socrú, scaoilfear go huathoibríoch úinéir an tsoithigh óna oibleagáid chun cead a thabhairt don bhreathnóir bordáil agus féadfaidh an soitheach an calafort a fhágáil agus tús a chur lena chuid oibríochtaí iascaireachta.

5. Tuarascáil an bhreathnóra

   5.1. Sula bhfágfaidh sé an soitheach, cuirfidh an breathnóir tuarascáil faoi na barúlacha a thug an breathnóir faoi bhráid mháistir an tsoithigh. Beidh sé de cheart ag máistir an tsoithigh tráchtanna a dhéanamh i dtuarascáil an bhreathnóra. Déanfaidh an breathnóir agus an máistir araon an tuarascáil a shíniú. Gheobhaidh an máistir cóip leictreonach de thuarascáil an bhreathnóra.

   5.2. Nuair a fhaigheann siad iarratas ó údarás inniúil an Aontais nó ón stát brataí déanfaidh údarás inniúil na Graonlainne cóip de thuarascáil an bhreathnóra a tharchur laistigh de 8 lá oibre.

Roinn 5

Sáruithe

1. Sáruithe

   I gcás nach gcomhlíonann soitheach de chuid an Aontais an Prótacal seo, go háirithe maidir le tuairisciú ar ghabhálacha, meastar é sin a bheith ina shárú tromchúiseach dá dtagraítear i mír 6, pointe (a), Caibidil II, den Iarscríbhinn seo. Tá údarás inniúil na Graonlainne i dteideal údarú iascaireachta atá ann cheana féin a chur ar fionraí go dtí go gcomhlíonfar na forálacha maidir le gabhálacha a thuairisciú. Má dhéantar an cion arís, féadfaidh údarás inniúil na Graonlainne diúltú d'údarú iascaireachta an tsoithigh lena mbaineann a athnuachan. Cuirfear údarás inniúil an Aontais agus an stát brataí ar an eolas go cuí gan mhoill.

2. Sáruithe a láimhseáil

   2.1. Déanfar trácht i dtuarascáil cigireachta ar aon sárú in LEE na Graonlainne arna dhéanamh ag soitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige faoin gComhaontú,.

   2.2. Síneoidh an máistir an tuarascáil cigireachta gan dochar do cheart an mháistir agus/nó úinéir an tsoithigh chun cosanta i leith sárú.

2.3. I gcás aon sárú a dhéanann soitheach de chuid an Aontais, a bhfuil údarú iascaireachta aige faoin gComhaontú, in LEE na Graonlainne, déanfar an fógra maidir leis an sárú arna shainiú agus na smachtbhannaí cúnta arna bhforchur ar an máistir nó ar an gcuideachta iascaireachta a sheoladh go díreach chuig úinéirí an tsoithigh de réir na nósanna imeachta a leagtar síos le dlí is infheidhme na Graonlainne.

2.4. Seolfaidh údarás inniúil na Graonlainne cóip den tuarascáil cigireachta agus den fhógra faoi shárú chuig údarás inniúil an Aontais agus chuig údarás inniúil an Stáit brataí trí ríomhphost a luaithe is féidir.

2.5. I gcás ina bhfuil gá le himeachtaí dlíthiúla chun an sárú a réiteach, sula gcuirfear tús leis na himeachtaí sin, agus ar choinníoll nach bhfuil gníomh cóiriúil i gceist leis an sárú, déanfar iarracht an sárú toimhdithe a réiteach go cairdiúil laistigh de 4 lá ón bhfógra faoin sárú. Mura féidir teacht ar réiteach cairdiúil, cuirfear tús leis na himeachtaí dlíthiúla.

3. Soitheach a choinneáil

3.1. Tabharfaidh an Ghraonlainn fógra d'údarás inniúil an Aontais agus don stát brataí láithreach faoi shoitheach de chuid an Aontais a choinneáil a bhfuil údarú iascaireachta aige faoin gComhaontú. Beidh san fhógra sin na cúiseanna leis an gcoinneáil agus beidhfianaise dhoiciméadach ar an sárú ag gabháil leis.

3.2. Sula nglacfar aon bheart eile in aghaidh an tsoithigh de chuid an Aontais atá á choinneáil, nó in aghaidh a mháistir, a chriú nó a lastais, seachas bearta atá beartaithe chun fianaise a chosaint, ainmneoidh an Ghraonlainn oifigeach imscrúdaithe agus eagróidh sí cruinniú faisnéise, arna iarraidh sin d'údarás an Aontais, laistigh de 1 lá oibre ón bhfógra faoi na cúiseanna a bhfuil an soitheach á choinneáil. Féadfaidh ionadaí an stáit brataí agus úinéir an tsoithigh freastal ar an gcruinniú.

4. Pionóis i leith sáruithe

4.1. Socróidh an Ghraonlainn an pionós i leith an tsáraithe de réir fhorálacha na reachtaíochta náisiúnta is infheidhme.

4.2. I gcás ina bhfaightear réiteach cairdiúil, cinnfear aon phionós atá le híoc trí thagairt do reachtaíocht na Graonlainne is infheidhme.

5. Imeachtaí dlíthiúla agusurrús bainc

5.1. Mura féidir teacht ar réiteach cairdiúil agus má thugtar an sárú os comhair na cúirte inniúla, déanfaidh úinéir an tsoithigh de chuid an Aontais a rinne an sárú urrús bainc a thaisceadh ag banc a ainmneoidh údarás inniúil na Graonlainne, ar de mhéid é, a shocróidh údarás inniúil na Graonlainne, lena gcumhdófar na costais a bhaineann leis an soitheach de chuid an Aontais a choinneáil, mar aon leis an táille measta agus aon chúiteamh. Ní fhéadfar an t-urrús bainc a aisghabháil go dtí go gcuirfear na himeachtaí dlíthiúla i gcrích. I gcás ina mbeidh imeachtaí dlíthiúla fós ar siúl ar feadh breis agus 4 bliana áfach, tabharfaidh údarás inniúil na Graonlainne nuashonrú tráthrialta d'údarás inniúil an Aontais agus don stát brataí lena mbaineann faoi na céimeanna atá á nglacadh chun na himeachtaí dlíthiúla a thabhairt i gcrích.

5.2. Scaoilfear an t-urrús bainc agus tabharfar ar ais d'úinéir an tsoithigh é gan mhoill tar éis fhógairt an bhreithiúnais:

(a) go hiomlán, murar forchuireadh aon phionós;

(b) le haghaidh mhéid an iarmhéid atá fágtha, más fíneáil atá sa phionós atá níos ísle ná méid an urrúis bhainc.

5.3. Cuirfear tús leis na himeachtaí dlíthiúla a luaithe is féidir de réir an dlí náisiúnta.

5.4. Cuirfidh an Ghraonlainn an tAontas ar an eolas faoi thoradh na n-imeachtaí dlíthiúla laistigh de 14 lá tar éis an bhreithiúnais.

6. Scaoileadh an tsoithigh agus an chriú

6.1. Tabharfar údarú do shoitheach de chuid an Aontais an calafort a fhágáil agus leanúint d' iascaireacht a dhéanamh a luaithe a thaiscfear an t-urrús bainc nó a íocfar an pionós nó a chomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an réiteach cairdiúil.

CAIBIDIL V

COMHFHIONTAIR SHEALADACHA

Roinn 1

An modh agus na critéir chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail le haghaidh comhfhiontair shealadacha agus comhfhiontar

1. Beidh gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais faoi rialú na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme sa Ghraonlainn agus i Ríocht na Danmhairge agus iad ag oibriú in LEE na Graonlainne, gan dochar do fhreagrachtaí soithí de chuid an Aontais maidir le reachtaíocht an Aontais, mura bhforáiltear dá mhalairt faoin gComhaontú, faoin bPrótacal nó faoin Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

2. Cuirfidh an Ghraonlainn údarás inniúil an Aontais ar an eolas gan mhoill má thagann aon deis chun cinn le haghaidh comhfhiontair shealadacha nó agus comhfhiontair le cuideachtaí Graonlannacha. Cuirfidh údarás inniúil an Aontais Ballstáit uile an Aontais ar an eolas go hiomchuí. I gcás gnóthais chomhpháirtigh, cuirfear tionscadail isteach agus déanfar measúnú orthu i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

3. Agus Airteagal 12(2), pointe (e), den Chomhaontú á chur i bhfeidhm, cuirfidh an tAontas sainchomhad teicniúil faoi bhráid na Graonlainne a luaithe is féidir agus in aon chás tráth nach déanaí ná 10 lá oibre roimh chruinniú de chuid an Chomhchoiste, ar sainchomhad teicniúil é a bhaineann le tionscadail le haghaidh comhfhiontair shealadacha agus comhfhiontar a bhfuil oibreoirí an Aontais páirteach iontu. Cuirfear na tionscadail faoi bhráid údarás inniúil an Aontais trí údaráis na mBallstát de chuid an Aontais lena mbaineann.

4. Beidh sé mar thosaíocht ag an gComhchoiste spreagadh a thabhairt do shoithí de chuid an Aontais úsáid iomlán a bhaint as na cuótaí táscacha i gcomhair speiceas a liostaítear faoi Airteagal 2(1) den Phrótacal. I gcás speiceas ar aontaigh an Comhchoiste deiseanna iascaireachta ina leith atá níos lú ná mar a léirítear faoi Airteagal 2(1) den Phrótacal, gan comhairle eolaíoch ina bhonn cirt leis, ní bhreithneofar tionscadail le haghaidh comhfhiontair shealadacha agus comhfhiontar i gcomhair an speicis chéanna agus na bliana féilire céanna.

5. Déanfaidh an Comhchoiste na tionscadail a mheasúnú i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

   (a) spriocspeicis agus limistéir iascaireachta;

   (b) riocht na stoc, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar an gcur cur chuige réamhchúraim;

   (c) sonraí soithí agus an teicneolaíocht is iomchuí maidir leis na hoibríochtaí iascaireachta molta;

   (d) i gcás comhfhiontair shealadacha, an tréimhse iomlán agus tréimhse na n oibríochtaí iascaireachta; agus

   (e) taithí úinéir an tsoithigh agus pháirtí úinéir an tsoithigh san earnáil iascaigh roimhe seo.

6. Eiseoidh an Comhchoiste tuairim faoi na tionscadail tar éis an mheasúnaithe faoi mhír 5.

7. Le haghaidh speiceas a liostaítear faoi Airteagal 2(1) den Phrótacal, beidh gabhálacha a fhaigheann soithí de chuid an Aontais faoi chuimsiú comhfhiontar sealadach nó comhfhiontar gan dochar do shocruithe comhroinnte atá ann cheana féin idir Ballstáit an Aontais.

Roinn 2

Coinníollacha a bhaineann le rochtain faoi chuimsiú comhfhiontair shealadacha

1. Údaruithe iascaireachta

   1.1. I gcás comhfhiontair shealadacha, a luaithe a fhaigheann tionscadal tuairim fhabhrach ón gComhchoiste, cuirfidh soithí de chuid an Aontais lena mbaineann iarratas isteach ar údarú iascaireachta i gcomhréir le Caibidil II. Ní mór a léiriú go soiléir san iarratas sin go mbaineann sé le comhfhiontar ealadach.

   1.2. Eiseofar an t-údarú iascaireachta ar feadh thréimhse an chomhfhiontair shealadaigh ach in aon chás ar feadh tréimhse nach faide ná an bhliain féilire.

   1.3. Léireofar go soiléir leis an údarú iascaireachta go ndéanfar gabhálacha ar dheiseanna iascaireachta arna gcionroinnt ag údaráis na Graonlainne laistigh de GII faoi seach na Graonlainne ach lasmuigh de na deiseanna iascaireachta faoi Airteagal 2(1) den Phrótacal.

2. Soithigh a athsholáthar

   Maidir le soitheach de chuid an Aontais a oibríonn faoi chomhfhiontar sealadach, féadfar soitheach eile de chuid an Aontais a chur ina ionad a bhfuil toilleadh comhchosúil agus sonraíochtaí teicniúla comhchosúla acu, ar fhorais lena bhfuil údar cuí amháin agus le comhaontú an dá Pháirtí.

Roinn 3

Socruithe chun cuóta de shéacla artach a aistriú idir sealbhóirí údaruithe

1. Socruithe le haghaidh aistriú

1.1. Féadfaidh úinéirí soithigh ón nGraonlainn agus ón Aontas socruithe a bhunú ar bhonn na cuideachta maidir le cuóta i ndáil le deiseanna iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha i bhFolimistéir II, V, XII agus XIV CITM a mhalartú le deiseanna iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha i bhFolimistéir 1 NAFO.

1.2. Geallfaidh údaráis na Graonlainne go n-éascóidh siad socruithe den sórt sin arna iarraidh sin d'údaráis inniúla an Aontais ar son Bhallstáit an Aontais lena mbaineann.

1.3. Is é 2 000 tona an t-uasmhéid bliantúil a aistreofar, faoi réir comhairle eolaíche.

1.4. Beidh an t-iascach a dhéanfaidh soithí an Aontais bunaithe ar na coinníollacha céanna dá bhforáiltear i ndáil le húdarú iascaireachta a eisítear chuig úinéir shoitheach Graonlannach faoi réir fhorálacha Chaibidil II.

CAIBIDIL VI

IASCAIGH THURGNAMHACHA

1. Agus Airteagal 11 agus Airteagal 12(2), pointe (f), den Chomhaontú á gcur i bhfeidhm, i gcás ina bhfuil sé curtha in iúl ag údarás inniúil an Aontais don Ghraonlainn go bhfuil spéis dul i mbun iascaigh thurgnamhacha maidir le speicis agus stoic nach liostaítear faoi Airteagal 2(1) den Phrótacal:

1.1. Cuirfidh údarás inniúil an Aontais sainchomhaid theicniúla faoi bhráid na Graonlainne tráth nach déanaí ná 15 lá roimh chruinniú an Chomhchoiste, lena sonrófar an méid a leanas:

(a) na speicis ar a ndíreofar;

(b) togra le haghaidh pharaiméadair theicniúla an fheachtais (an teicneolaíocht a úsáidfear ar mhaithe le hoibriú, fad, limistéir iascaireachta. etc.);

(c) na tairbhí ionchais a bhainfear as rannpháirtíocht an Aontais san fheachtas turgnamhach, i ndáil le taighde eolaíoch agus forbairt na hearnála iascaireachta; agus

(d) measúnú ar thionchair fhéideartha na soithí atá beartaithe acu dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta lena léirítear nach dócha go mbeidh drochthionchair shuntasacha ag na gníomhaíochtaí sin ar éiceachórais mhuirí leochaileacha

1.2. Cuirfidh an Ghraonlainn an Comhchoiste ar an eolas faoin méid a leanas:

(a) mionsonraí agus coinníollacha na bhfeachtas iascaireachta turgnamhaí ábhartha a reáchtálfaidh soithí baile agus soithí tríú tír;

(b) torthaí a bhaineann le haon fheachtas turgnamhach roimhe seo i gcomhair an speicis chéanna; agus

(c) an fhaisnéis eolaíoch agus an fhaisnéis eile atá ann cheana

2. Déanfaidh an Comhchoiste measúnú ar na sainchomhaid theicniúla agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus ar an gcur chuige réamhchúraim.

3. Tar éis tuairim dhearfach ón gComhchoiste maidir le rannpháirtíocht an Aontais, an leibhéal rannpháirtíochta agus paraiméadair theicniúla an fheachtais iascaireachta turgnamhaí, ní mór do shoithí de chuid an Aontais iarratais ar údaruithe iascaireachta a chur isteach i gcomhréir le forálacha Chaibidil II. Ní bheidh an t-údarú iascaireachta bailí ar feadh tréimhse níos faide ná deireadh na bliana féilire.

4. Beidh feidhm ag forálacha uile Chaibidil IV maidir le soithí de chuid an Aontais a théann i mbun iascaigh thurgnamhacha.

5. Gan dochar do mhír 4, le linn an fheachtais thurgnamhaigh ar muir, déanfaidh soithí de chuid an Aontais lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt d'údarás inniúil na Graonlainne go bhfuil tús á chur leis an bhfeachtas agus dearbhú a chur isteach maidir le haon ghabháil ar bord sula gcuirfear tús leis an iascach turgnamhach;

(b) tuarascáil sheachtainiúil ar ghabhálacha in aghaidh an lae agus in aghaidh an tarlaithe a sholáthar d'Institiúid Acmhainní Nádúrtha na Graonlainne, d'údarás inniúil na Graonlainne agus don Choimisiún Eorpach, lena n áirítear tuairisc ar pharaiméadair theicniúla an fheachtais (suíomh, doimhneacht, dáta agus am, gabhálacha agus barúlacha nó tráchtanna eile);

(c) a áirithiú go bhfuil breathnóir Graonlannach amháin nó breathnóir arna roghnú ag údarás inniúil na Graonlainne ar bord; caithfear leis an mbreathnóir mar oifigeach loinge agus cumhdóidh úinéir an tsoithigh costais mhaireachtála an bhreathnóra fad atá sé ag fanacht an bhreathnóra; is iad údaráis na Graonlainne a chinnfidh an tréimhse a bheidh an breathnóir ar bord, an calafort bordála agus an calafort cur i dtír; agus

(d) fógra a thabhairt d'údarás inniúil na Graonlainne ag deireadh an fheachtais thurgnamhaigh agus cigireacht a dhéanamh ar na soithí sula bhfágann siad LEE na Graonlainne má iarrann údarás inniúil na Graonlainne amhlaidh.

6. Maidir leis na gabhálacha atá comhsheasmhach leis an bhfeachtas turgnamhach agus a fhaightear lena linn, fanfaidh siad i seilbh úinéir an tsoithigh.

7. Ainmneoidh údarás inniúil na Graonlainne duine teagmhála a bheidh freagrach as déileáil le haon fhadhb gan choinne a d'fhéadfadh cur isteach ar fhorbairt na n iascach turgnamhach.

8. Ar bhonn mholtaí na gcomhlachtaí comhairleacha eolaíochta ábhartha, féadfaidh an Ghraonlainn a iarraidh go gcuirfí bearta caomhnúcháin agus bainistíochta chun feidhme maidir leis an iascach turgnamhach, lena n-áirítear tréimhsí coiscthe ama agus limistéir.

9. Cuirfidh shoithí de chuid an Aontais lena mbaineann tuarascáil meastóireachta faoi bhráid an dá Pháirtí tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i gcrích an iascaigh thurgnamhaigh, tuarascáil lena dtugtar aghaidh an méid a leanas ar a laghad;

(a) cibé ar oibríodh an t-iascach de réir na bparaiméadar teicniúil a moladh; agus

(b) cibé ar baineadh amach na tairbhí ionchais i ndáil le taighde eolaíoch agus forbairtí na hearnála iascaireachta mar a shonraítear sna sainchomhaid theicniúla, agus, murar baineadh, cén fáth nár baineadh;

(c) cibé an raibh fadhbanna gan choinne ag an soitheach, lena n-áirítear seachghabhálacha;

(d) cibé ar ar chomhlíonn an soitheach le mír 5 agus murar chloígh, ní mór údar cirt iomchuí a thabhairt leis sin.

10. I gcás ina dtagann na Páirtithe ar an gconclúid gur bhain iascach turgnamhach torthaí dearfacha amach agus má shocraíonn an Comhchoiste deiseanna iascaireachta nua i gcomhréir le hAirteagal 2(2), Airteagal 2(4) agus Airteagal 7 den Phrótacal, féadfaidh údaráis na Graonlainne deiseanna iascaireachta a thairiscint atá ar aon dul leis an nglacadh cuóta coibhneasta arna dhéanamh ag soithí de chuid an Aontais a bhí páirteach san iascach turgnamhach le linn na 5 bliana roimhe sin. Ní féidir níos mó ná 50 % a bheith sa mhéid a leithdháilfear ar an Aontas ach amháin i gcás ina gcinneann an Ghraonlainn méid níos mo a thairiscint. Beidh feidhm ag an bhforáil seo go dtí go rachaidh an Prótacal in éag.

FOSCRÍBHINNÍ A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN SEO

Foscríbhinn 1 - Foirm iarratais le haghaidh údarú iascaireachta

Foscríbhinn 2 - Sonraí teagmhála le haghaidh údaráis inniúla na Graonlainne

Foscríbhinn 3 - Nósanna imeachta Cur Chun Feidhme maidir le faireachán a dhéanamh le satailítí (córas um fhaireachán soithí – VMS)

Foscríbhinn 4 - formáid sonraí VMS

Foscríbhinn 5 - Scéim solúbthachta san iascach péirsí mara peiligeacha idir uiscí na Graonlainne agus uiscí NEAFC

Foscríbhinn 6 – Próiseáil sonraí pearsanta

Foscríbhinn 1

FOIRM IARRATAIS AR ÚDARÚ IASCAIREACHTA

Foirm iarratais ar údarú iascaireachta in LEE na Graonlainne agus ar chuóta Graonlannach lasmuigh de LEE na Graonlainne

		S/R/C (sainordaitheach/ roghnach/ coinníollach)	
Mionsonraí ceadúnais			
1	An cineál ceadúnais le haghaidh an iarratais (speiceas agus limistéar)	S	
2	An méid ar cuireadh isteach air	S	
3	Tréimhse ama le haghaidh údarú iascaireachta	S	
4	An seoladh ar cheart an t-iarratas ar údarú iascaireachta a chur chuige		Commission européenne, Direction générale des affaires maritimes et de la pêche, Rue de la Loi 200, B-1049 Bruxelles, facs + 32 2 2962338 ríomhphost: Mare-licences@ec.europa.eu
Faisnéis faoin soitheach			
5	An Stát Brataí	S	
6	Ainm an tsoithigh	S	
7	Uimhir agus litreacha aitheantais seachtracha	S	
8	Comhartha Aitheantais idirnáisiúnta raidió (IRCS)	S	
9	Uimhir IMO	C	Má sannadh uimhir IMO do na soithí
10	Uimhir thagartha inmheánach an Stáit brataí	R	
11	Bliain na tógála	S	
12	Calafort clárúcháin	S	
13	An Cineál soithigh (cód FAO)	S	
14	An príomhchineál trealaimh iascaireachta (cód FAO)	S	
15	Ainm/ainmneacha roimhe seo (Stát brataí, ainm, IRCS, agus dátaí le haghaidh athraithe)	C	Más ann d'fhaisnéis roimhe sin
16	Uimhir Inmarsat/Uimhir Iridium (Teileafón, Ríomhphost)	C	Teileafón, Ríomhphost roghnach
17	Úinéirí, seoladh an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh, teileafón, facs, ríomhphost	C	Facs roghnach
18	Ionadaí an tsoithigh (gníomhaire), ainm agus seoladh	S	

		S/R/C (sainordaitheach/ roghnach/ coinníollach)	
19	Cumhacht innill (cileavata)	S	
20	Fad foriomlán (L.O.A.)	S	
21	Tonnáiste in GT	S	
22	Acmhainn reoite i dtonaí in aghaidh an lae	S	
23	Toilleadh na n-umar sáile cuisnithe nó na n-umar sáile fuaraithe(CSW)) i méadair chiúbacha	S	
24	Grianghraf daite digiteach den soitheach de ghléine leormhaith (0,5 MB ar a mhéid) chun amharc cliathánach mionsonraithe ar an soitheach a léiriú lena n-áirítear ainm agus uimhir aitheantais an tsoithigh atá le feiceáil ar an gcabhail.	S	

Foscríbhinn 2

SONRAÍ TEAGMHÁLA LE HAGHAIDH ÚDARÁIS INNIÚLA NA GRAONLAINNE

Tarchur tuarascálacha agus fógraí

Ní mór na tuarascálacha agus na fógraí is gá a sholáthar de réir Chaibidil IV, roinn 1, den Iarscríbhinn, a bheith i nGraonlainnis, i nDanmhairgis nó i mBéarla.

Déanfar fógraí a tharchur le raidió cósta nó ríomhphost chuig Údarás Rialaithe Ceadúnais Iascaigh na Graonlainne (GFLK) agus Comhcheannasaíocht an Artaigh (AKO):

GFLK, uimhir theileafóin + 299 34 50 00,
Ríomhphost: GFLK@NANOQ.GL
AKO, uimhir theileafóin + 299 364000,
Ríomhphost: FKO-KTP-A-FIO@FIIN.DK

Déafar logleabhair iascaireachta a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Greenland Fishing License Control Authority (GFLK)
Bosca poist 501, 3900 Nuuk, an Ghraonlainn
Déanfar iarratas ar údarú iascaireachta agus ceadanna eile a chur chuig:
Aireacht Iascaigh agus Fiaigh
Ríomhphost: APN@NANOQ.GL

Foscríbhinn 3

NÓSANNA IMEACHTA CUR CHUN FEIDHME LE HAGHAIDH FAIREACHÁN SATAILÍTE (CÓRAS UM FHAIREACHÁN SOITHÍ – VMS)

1. Teachtaireachtaí faoi shuíomh soithí - VMS

1.1. Soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu faoin gComhaontú agus a oibríonn i limistéar iascaireachta na Graonlainne, nó a dhéanann iascaireacht ar chuóta Graonlannach in uiscí NEAFC (mar atá leagtha amach bhfoscríbhinn 5), ní mór iad a bheith feistithe le gaireas rianaithe satailíte lánfheidhmiúil (córais um fhaireachán soithí — VMS) suiteáilte ar bord, lenar féidir tarchur uathoibríoch leanúnach a dhéanamh ar a suíomh chuig lárionad faireacháin iascaigh (LFI) ar talamh a stát brataí uair amháin gach uair an chloig ar a laghad fad atá siad sa limistéar iascaireachta.

1.2. Déanfaidh LFI an stáit brataí tuarascálacha suímh uile soithigh atá i mbun iascaireachta faoin gComhaontú agus faoi réir rianú satailíte faoin bPrótacal seo a tharchur láithreach chuig LFI na Graonlainne, a luaithe a théann sé isteach sa limistéar iascaireachta. Má chomhaontaíonn an dá Pháirtí, déanfar na tuarascálacha suímh uile a tharchur trí nód lárnach an Aontais. A luaithe a aistreoidh an dá pháirtí go UN/FLUX, tarchuirfear suíomhanna VMS tríd an Stát brataí agus trí líonra FLUX TL arna oibriú ag an gCoimisiún Eorpach. Seolfar na teachtaireachtaí sin mar a leanas:

(a) trí úsáid leictreonach a bhaint as prótacal malartaithe slán;

(b) agus soitheach ag dul isteach sa chrios iascaireachta agus ag imeacht uaidh

(c) san fhormáid a léirítear i bhfoscríbhinn 4.

1.3. Beidh an méid a leanas i ngach teachtaireacht suímh:

(a) aitheantas an tsoithigh;

(b) suíomh geografach is déanaí an tsoithigh le lamháil earráide níos lú ná 500 méadar, agus eatramh muiníne 99 %;

(c) an dáta agus an t-am in AUL a thaifeadtar an suíomh;

(d) luas meandrach agus cúrsa an tsoithigh ag an am a thaifeadtar an suíomh

1.4. Áiritheoidh LFI an stáit brataí go ndéanfar próiseáil uathoibríoch agus tarchur leictreonach ar theachtaireachtaí suímh. Déanfar teachtaireachtaí suímh a thaifeadadh agus a stóráil ar bhealach slán i mbunachar sonraí le haghaidh na bliana atá ann faoi láthair agus na bliana roimhe sin. I gcás srianta teicniúla, féadfar an tréimhse sin a ghiorrú trí chomhaontú frithpháirteach áfach.

1.5. Beidh na comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí VMS crioscaíldíonach, i.e. ní cheadófar leo suíomhanna bréige a ionchur ná a aschur agus ní féidir iad a shárú de láimh. Beidh an córas go hiomlán uathoibríoch agus oibríochtúil i gcónaí beag beann ar na dálaí comhshaoil. Beidh cosc ar an ngaireas rianaithe satailíte a scriosadh, damáiste a dhéanamh dó, é a chur as feidhm nó cur isteach air ar aon bhealach eile.

1.6. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad faisnéis a bhaineann leis an trealamh a úsáidtear a mhalartú, chun críocha faireacháin agus cigireachta, i gcás inar gá agus ar iarraidh.

2. Cliseadh nó teip theicniúil a dhéanann difear do threalamh faireacháin soithigh

2.1. Ní mór don stát brataí údaráis na Graonlainne agus an Aontais a chur ar an eolas láithreach faoi aon chliseadh teicniúil nó teip a dhéanann difear don trealamh a úsáidtear chun faireachán leanúnach a dhéanamh le satailít atá suiteáilte ar bord soitheach iascaireachta.

2.2. Ní mór an trealamh lochtach a athsholáthar nó a dheisiú ag an gcéad chalafort ina bhfuil seirbhís ar fáil agus laistigh de 30 lá oibre ar a laghad ón dáta a chuireann an stát brataí an cliseadh in iúl do LFI na Graonlainne. Tar éis na tréimhse sin, ní mór don soitheach atá i gceist a bheith tar éis filleadh ar chalafort arna ainmniú ag údaráis na Graonlainne chun bearta leantacha a ghlacadh agus deisiú a dhéanamh, nó an limistéar a fhágáil, ar choinníoll go bhfuil an stát brataí tar éis an tuarascáil cigireachta maidir leis an trealamh lochtach a sheoladh chuig LFI na Graonlainne agus na cúiseanna leis an gcliseadh a chur in iúl dó.

2.3. Go dtí go ndéanfar an trealamh a dheisiú nó a athsholáthar, seolfaidh máistir an tsoithigh tuarascáil suímh dhomhanda gach 4 huair an chloig de láimh le ríomhphost, raidió nó facs chuig LFI an stáit brataí, agus na suíomhanna arna dtaifeadadh ag máistir an tsoithigh á lua faoi na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1.2.

2.4. Déanfaidh LFI an stáit brataí na teachtaireachtaí láimhe sin dá dtagraítear i mír 2.3 den Fhoscríbhinn seo a thaifeadadh láithreach sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1.4 den Fhoscríbhinn seo agus déanfar iad a tharchur gan mhoill chuig LFI na Graonlainne, agus úsáid á baint as an bprótacal agus as an bhformáid chéanna a leagtar amach i bhFoscríbhinn 4.

2.5. Tar éis na tréimhse, dá dtagraítear i mír 2.2, ní údarófar a thuilleadh don soitheach gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Graonlainne.

3. Cumarsáid shlán i ndáil leis na teachtaireachtaí suímh idir LFInna.

3.1. Déanfaidh LFI an stáit brataí teachtaireachtaí suímh maidir leis na soithí lena mbaineann a sheoladh go huathoibríoch chuig LFI na Graonlainne.

3.2. Déanfaidh LFInna an dá Pháirtí a gcomhordanáidí a mhalartú, e.g. seoladh ríomhphoist, facs, telex agus teileafóin, agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas gan mhoill má thagann aon athrú ar na comhordanáidí sin.

3.3. Gan dochar d'fheabhsaithe a chuirfear chun feidhme sa todhchaí, déanfar na teachtaireachtaí suímh idir LFInna lena mbaineann agus na stáit bhrataí a tharchur go leictreonach de réir phrótacal HTTPS. Déanfaidh údaráis na Graonlainne agus LFI an stáit brataí ábhartha deimhnithe a mhalartú.

3.4. Úsáidfear sonraí VMS i gcomhréir le hAirteagal 11 den Phrótacal seo.

4. Mífheidhmiú an chórais cumarsáide

4.1. Áiritheoidh údarás inniúil na Graonlainne agus LFInna stáit brataí an Aontais go bhfuil a dtrealamh leictreonach comhoiriúnach agus cuirfidh siad an páirtí eile ar an eolas láithreach faoi aon mhífheidhmiú a mhéid a bhaineann leis an gcumarsáid agus teachtaireachtaí suímh a fháil d'fhonn réiteach teicniúil a aimsiú a luaithe is féidir.

4.2. Ní dhéanfaidh clistí cumarsáide idir LFInna difear d'oibriú na soithí.

4.3. Déanfar na teachtaireachtaí uile nár seoladh le linn an aga neamhfhónaimh a sheoladh ar aghaidh a luaithe a athbhunaítear an chumarsáid idir LFInna lena mbaineann.

5. Cothabháil LFI

5.1. Ní mór do LFI fógra a thabhairt do LFI eile 72 uair an chloig ar a laghad roimh ré faoi chothabháil bheartaithe ar LFI (clár cothabhála) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mhalartú sonraí VMS, lena léirítear, nuair is féidir, dáta agus tréimhse na hoibre cothabhála. Ní mór faisnéis faoi obair chothabhála neamhbheartaithe a sheoladh chuig LFI eile a luaithe is féidir.

5.2. Le linn na hoibre cothabhála, féadfar soláthar sonraí VMS a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear an córas i bhfeidhm arís. Seolfar na sonraí VMS ábhartha láithreach tar éis don obair chothabhála a bheith curtha i gcrích.

5.3. Má thógann an obair chothabhála níos faide ná 24 uair an chloig, seolfar sonraí VMS chuig LFI eile le modh cumarsáide leictreonaice malartach arna chomhaontú go frithpháirteach.

5.4. Cuirfidh an Ghraonlainn a húdaráis inniúla maidir le faireachán, rialú agus faireachas ar an eolas ionas nach measfaidh LFI na Graonlainne go bhfuil a gcuid oibleagáidí á sárú ag soithí an Aontais ós rud é nach bhfuil sonraí VMS á dtarchur acu, mar gheall go bhfuiltear i mbun cothabhála ar LFI.

6. Athbhreithniú a dhéanamh ar mhinicíocht na dteachtaireachtaí suímh

6.1. Ar bhonn fianaise dhoiciméadach lena léirítear sárú, féadfaidh an Ghraonlainn iarraidh ar LFI an stáit brataí, agus cóip á cur chuig an Aontas, an t-eatramh idir seoladh na dteachtaireachtaí suímh ó shoitheach a laghdú go dtí gach 30 nóiméad ar feadh tréimhse imscrúdaithe socraithe. Seolfaidh an Ghraonlainn an fhianaise dhoiciméadach sin chuig LFI an stáit brataí agus chuig an Aontas. Seolfaidh LFI an stáit brataí teachtaireachtaí suímh chuig an nGraonlainn láithreach ag an minicíocht nua.

6.2. Ag deireadh na tréimhse imscrúdaithe socraithe, cuirfidh an Ghraonlainn LFI an stáit brataí agus an tAontas ar an eolas faoi aon bhearta leantacha is gá.

Foscríbhinn 4

ROINN 1 – FORMÁID VMS NAF (*)

Formáid sonraí VMS

An fhormáid chun teachtaireachtaí VMS a chur chuig LFI an Pháirtí eile

(1) Teachtaireacht 'ENTRY'

Eilimint Sonraí:	Cód Réimse:	Sainordaitheach/ Roghnach:	Nótaí:
Tús an Taifid	TT	S	Mionsonra córais; lena léirítear tús an taifid
Seoladh	SE	S	Mionsonra teachtaireachta; cód tíre ISO ALFA-3 an Pháirtí ceann scríbe
Ó	Ó	S	Mionsonra teachtaireachta; cód tíre ISO ALFA-3 an Pháirtí tarchuir
Uimhir an Taifid	UT	R	Mionsonra teachtaireachta; sraithuimhir an taifid sa bhliain ábhartha
Dáta an Taifid	DT	R	Mionsonra teachtaireachta; dáta an tarchurtha
Am an Taifid	AT	R	Mionsonra teachtaireachta; am an tarchurtha
An Cineál Teachtaireachta	TM	S	Mionsonra teachtaireachta; an cineál teachtaireachta, 'ENT'
Comhartha Aitheantais Raidió	AR	S	Mionsonra an tsoithigh; comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh
Uimhir Thagartha Inmheánach	TI	S	Mionsonra an tsoithigh. Uimhir shoithigh uathúil an Pháirtí mar chód brat-tíre ISO ALFA-3 agus uimhir ina dhiaidh
Uimhir Chlárúcháin Sheachtrach	CS	R	Mionsonra an tsoithigh; uimhir thaoibh an tsoithigh
Domhanleithead	DL	S	Mionsonra suímh; suíomh ± 99.999 (WGS-84)
Domhanfhad	DF	S	Mionsonra suímh; suíomh ± 999.999 (WGS-84)
Luas	LU	S	Mionsonra suímh; Luas an tsoithigh i ndeichithe de mhuirmhílte san uair
Cúrsa	CÚ	S	Mionsonra suímh; Cúrsa an tsoithigh ar scála 360º
Dáta	DÁ	S	Mionsonra suímh; dáta AUL an tsuímh (BBBBMMLL)
Am	AM	S	Mionsonra suímh; am AUL an tsuímh (UUNN)
Deireadh an Taifid	DT	S	Mionsonra córais; lena léirítear deireadh an taifid

(2) Teachtaireacht/tuarascáil 'POSITION'

Eilimint Sonraí:	Cód Réimse:	Sainordaitheach/ Roghnach:	Nótaí:
Tús an Taifid	TT	S	Mionsonra córais; lena léirítear tús an taifid
Seoladh	SE	S	Mionsonra teachtaireachta; cód tíre ISO ALFA-3 an Pháirtí ceann scríbe
Ó	Ó	S	Mionsonra teachtaireachta; cód tíre ISO ALFA-3 an Pháirtí tarchuir
Uimhir an Taifid	UT	R	Mionsonra teachtaireachta; sraithuimhir an taifid sa bhliain ábhartha
Dáta an Taifid	DT	R	Mionsonra teachtaireachta; dáta an tarchurtha
Am an Taifid	AT	R	Mionsonra teachtaireachta; am an tarchurtha
An Cineál Teachtaireachta	TM	S	Mionsonra teachtaireachta; an cineál teachtaireachta, 'POS' ([1])
Comhartha Aitheantais Raidió	AR	S	Mionsonra an tsoithigh; comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh
Uimhir Thagartha Inmheánach	TI	S	Mionsonra an tsoithigh. Uimhir shoithigh uathúil an Pháirtí mar chód brat-tíre ISO ALFA-3 agus uimhir ina dhiaidh
Uimhir Chlárúcháin Sheachtrach	CS	R	Mionsonra an tsoithigh; uimhir thaoibh an tsoithigh
Domhanleithead	DL	S	Mionsonra suímh; suíomh ± 99.999 (WGS-84)
Domhanfhad	DF	S	Mionsonra suímh; suíomh ± 999.999 (WGS-84)
Gníomhaíocht	GN	O ([2])	Mionsonra suímh; 'ANC' lena léirítear modh tuairiscithe laghdaithe
Luas	LU	S	Mionsonra suímh; Luas an tsoithigh i ndeichithe de mhuirmhílte san uair
Cúrsa	CÚ	S	Mionsonra suímh; Cúrsa an tsoithigh ar scála 360º
Dáta	DÁ	S	Mionsonra suímh; dáta AUL an tsuímh (BBBBMMLL)
Am	AM	S	Mionsonra suímh; am AUL an tsuímh (UUNN
Deireadh an Taifid	DT	S	Mionsonra córais; lena léirítear deireadh an taifid

(3) Teachtaireacht 'EXIT'

Eilimint Sonraí:	Cód Réimse:	Sainordaitheach/ Roghnach:	Nótaí:
Tús an Taifid	TT	S	Mionsonra córais; lena léirítear tús an taifid
Seoladh	SE	S	Mionsonra teachtaireachta; cód tíre ISO ALFA-3 an Pháirtí ceann scríbe
Ó	Ó	S	Mionsonra teachtaireachta; cód tíre ISO ALFA-3 an Pháirtí tarchuir
Uimhir an Taifid	UT	R	Mionsonra teachtaireachta; sraithuimhir an taifid sa bhliain ábhartha
Dáta an Taifid	DT	R	Mionsonra teachtaireachta; dáta an tarchurtha
Am an Taifid	AT	R	Mionsonra teachtaireachta; am an tarchurtha
An Cineál Teachtaireachta	CT	S	Mionsonra teachtaireachta; an cineál teachtaireachta, 'EXI'
Comhartha Aitheantais Raidió	AR	S	Mionsonra an tsoithigh; comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh
Uimhir Thagartha Inmheánach	TI	S	Mionsonra an tsoithigh. Uimhir shoithigh uathúil an Pháirtí mar chód brat-tíre ISO ALFA-3 agus uimhir ina dhiaidh
Uimhir Chlárúcháin Sheachtrach	CS	R	Mionsonra an tsoithigh; uimhir thaoibh an tsoithigh
Dáta	DÁ	S	Mionsonra suímh; dáta AUL an tsuímh (BBBBMMLL)
Am	AM	S	Mionsonra suímh; am AUL an tsuímh (UUNN)
Deireadh an Taifid	DT	S	Mionsonra córais; lena léirítear deireadh an taifid

(4) Mionsonraí formáide

Bíonn gach teachtaireacht i dtarchur sonraí struchtúrtha mar a leanas::

— léiríonn slais dhúbailte (//) agus an carachtar 'SR' tús na teachtaireachta,

— léiríonn slais dhúbailte (//) agus cód réimse tús na heiliminte sonraí,

— úsáidtear slais shingil (/) chun an cód réimse a scaradh ó na sonraí,

— déantar péirí sonraí a scaradh le spás

— léiríonn an carachtar ER agus slais dhúbailte (//) deireadh an taifid.

Tá na cóid réimse uile san Iarscríbhinn seo i bhFormáid an Atlantaigh Thuaidh mar a shonraítear i Scéim Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin NEAFC.

(1) Is é 'MAN' an cineál teachtaireachta a úsáidfear le haghaidh tuarascálacha arna gcur in iúl ag soithí a bhfuil gaireas rianaithe satailíte lochtach acu.

(2) Is infheidhme i gcás ina bhfuil teachtaireachtaí POS á dtarchur ag an soitheach ag minicíocht laghdaithe, agus sa chás sin amháin.

(*) Mar a luaitear i gCaibidil IV, i roinn 1, den Iarscríbhinn, i gcaighdeán NA/FLUX (na Náisiúin Aontaithe/Fisheries Language for Universal eXchange) agus i líonra malartaithe FLUX TL, tá sé beartaithe iad a chur chun feidhme chun suíomhanna soithí a mhalartú a luaithe a bheidh na tréimhsí trialach comhaontaithe curtha i gcrích go rathúil agus a bheidh an dá pháirtí réidh. Dá bhrí sin, a luaithe a bheidh formáid NA/FLUX in úsáid, cuirfear an fhormáid VMS NA/FLUX a leagtar amach i Roinn 2 den Fhoscríbhinn seo in ionad sonraíochtaí a bhaineann le formáid NAF thuas chun suíomhanna VMS a mhalartú:

ROINN 2 - FORMÁID VMS UN/FLUX

Formáid UN/FLUX: sonraí éigeantacha atá le tarchur i dtuarascálacha suímh

Sonraí	Sainordaitheach/roghnach	Nótaí
Seolaí	S	Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht — Seolaí Cód 3-alfa na tíre (ISO-3166) Tabhair faoi deara: Cuid d'imchlúdach FLUX TL
Ó	S	Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht — Seoltóir Cód 3-alfa na tíre (ISO-3166)
Aitheantóir uathúil teachtaireachta	S	UUID de réir RFC 4122 arna shainiú ag IETF
Dáta agus am an tarchuir	S	An dáta agus an t-am a cruthaíodh an teachtaireacht in AUL de réir ISO 8601, agus úsáid á baint as an bhformáid BBBB-MM-LLAuu:nn:ss[.000000]Z [1]
An Stát Brataí	S	Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Bratach an Stáit Brataí, Cód 3-alfa na tíre (ISO-3166)
Cineál teachtaireachta	S	Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – An cineál teachtaireachta Tá na cóid seo a leanas le húsáid: IONTRÁIL: an chéad suíomh a taifeadadh tar éis dul isteach sa limistéar iascaireachta) IMEACHT: an chéad teachtaireacht a taifeadadh tar éis imeacht ón limistéar iascaireachta SUÍOMH: suíomhanna a tarchuireadh le linn a bheith sa limistéar iascaireachta) DE LÁIMH: suíomh arna tharchur de láimh
Comhartha aitheantais raidió	S	Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Comhartha idirnáisiúnta glao raidió an tsoithigh (IRCS)
Uimhir thagartha inmheánach don Pháirtí Chonarthach	R	Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Aitheantóir uathúil soithigh an pháirtí chonarthaigh
Aitheantóir Uathúil Soithigh	R	Sonra a bhaineann leis an soitheach - uimhir aitheantais IMO
Uimhir chlárúcháin sheachtrach	R	Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Uimhir ar thaobh an tsoithigh (ISO 8859.1)
Domhanleithead	S	Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh - Suíomh i gcéimeanna agus i gcéimeanna deachúlacha CC.ccc (WGS-84) Comhordanáidí dearfacha le haghaidh suíomhanna ó thuaidh ón Meánchiorcal; Comhordanáidí diúltacha le haghaidh suíomhanna ó dheas ón Meánchiorcal.

[1] BBBB= bliain; MM= mí, lena n-áirítear 0 tosaigh i gcás inar lú uimhir na míosa ná 10; LL = lá na míosa lena n-áirítear 0 tosaigh i gcás inar lú uimhir an lae ná 10; A = an litir A chun an chuid den roinn ama a chur in iúl; U24 = uaireanta an lae a shloinntear le 2 dhigit agus an nodaireacht 24 uair an chloig á húsáid; NÓ = nóiméid a shloinntear mar 2 dhigit; SS = soicindí a shloinntear mar 2 dhigit; [.000000]= go roghnach, féadfar codáin de shoicind a chuimsiú, gan na lúibíní a chuimsiú; C = crios ama, nach mór C a bheith ann (i.e. AUL).

Sonraí	Sainordaitheach/roghnach	Nótaí
Domhanfhad	S	Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh - Suíomh i gcéimeanna agus i ndeachúlacha DD.ddd (WGS-84) Comhordanáidí dearfacha soir ó fhadlíne Greenwich; Comhordanáidí diúltacha siar ó fhadlíne Greenwich.
Cúrsa	S	Cúrsa an tsoithigh ar scála 360º
Luas	S	Luas an tsoithigh i muirmhílte san uair
Dáta agus am	S	Mionsonra a bhaineann le suíomh an tsoithigh — dáta agus am taifeadta an tsuímh in AUL de réir ISO 8601, agus úsáid á baint as an bhformáid BBBB-MM-LLAuu:nn:ss[.000000]Z ([2])

Déanfar tarchur sonraí i bhformáid NA/FLUX a struchtúrú ar an mbealach a leagtar amach sa oiciméad cur chun feidhme eicniúil ar leith atá le forbairt agus le comhaontú ag na Páirtithe sula ndéanfar an t-aistriú chuig UN/FLUX.

([2]) BBBB= bliain; MM= mí, lena n-áirítear 0 tosaigh i gcás inar lú uimhir na míosa ná 10; LL = lá na míosa lena n-áirítear 0 tosaigh i gcás inar lú uimhir an lae ná 10; A = an litir A chun an chuid den roinn ama a chur in iúl; U24 = uaireanta an lae a shloinntear le 2 dhigit agus an nodaireacht 24 uair an chloig á húsáid; NÓ = nóiméid a shloinntear mar 2 dhigit; SS = soicindí a shloinntear mar 2 dhigit; [.000000]= go roghnach, féadfar codáin de shoicind a chuimsiú, gan na lúibíní a chuimsiú; Z = crios ama, nach mór Z a bheith ann (i.e. AUL)

Foscríbhinn 5

SCÉIM SOLÚBTHACHTA SAN IASCACH PÉIRSÍ MARA PEILIGEACHA IDIR UISCÍ NA GRAONLAINNE AGUS UISCÍ NEAFC

1. Chun iascaireacht a dhéanamh faoin scéim solúbthachta san iascach péirsí mara peiligeacha idir uiscí na Graonlainne agus uiscí NEAFC, ní mór údarú iascaireachta a bheith ag soitheach de chuid an Aontais arna eisiúint ag an nGraonlainn i gcomhréir le Chaibidil II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal. Déanfar tagairt shoiléir san iarratas agus san údarú iascaireachta do ghníomhaíochtaí lasmuigh de LEE na Graonlainne.

2. Ní mór cloí leis na bearta uile arna nglacadh ag NEAFC maidir leis an iascach seo i limistéar rialála NEAFC.

3. Ní féidir le soitheach de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh dá chuóta péirsí mara Graonlannacha go dtí go bhfuil a sciar de chuóta péirsí mara NEAFC an Aontais, arna chionroinnt ag a stát brataí, caite aige.

4. Féadfaidh soitheach iascaireacht a dhéanamh ar a chuóta Graonlannach laistigh den limistéar NEAFC céanna, inar gabhadh a chuóta NEAFC, faoi réir mhír 5.

5. Féadfaidh soitheach de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh i gcomhair a chuóta Ghraonlannach laistigh de limistéar caomhantais na bpéirsí mara faoi na coinníollacha a leagtar amach i moladh NEAFC maidir le bainistiú péirsí mara i Muir Irminger agus sna huiscí cóngaracha, seachas aon chuid atá laistigh de chrios iascaireachta na hÍoslainne.

6. Déanfaidh soitheach de chuid an Aontais a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar Rialála NEAFC tuarascáil suímh VMS a tharchur chuig NEAFC trí LFI a stáit brataí i gcomhréir leis na ceanglais rialála. Agus iascaireacht á déanamh ar chuóta Graonlannach laistigh de limistéar caomhnaithe péirsí NEAFC, socróidh LFI an stáit brataí go sonrach go ndéanfar torthaí an fhaireacháin in aghaidh na huaire ar shuíomh VMS an tsoithigh a thuairisciú chuig LFI na Graonlainne i neas-fhíoram.

7. Áiritheoidh máistir an tsoithigh, nuair atá tuairisciú á dhéanamh chuig NEAFC agus údaráis na Graonlainne, maidir le gabhálacha péirsí mara a ghabhtar i limistéar rialála NEAFC faoi scéim solúbthachta na Graonlainne go léireofar go soiléir gur gabhadh iad faoin údarú iascaireachta ón nGraonlainn a eisítear faoin scéim solúbthachta.

   Sula dtosóidh sé ag iascaireacht ar a údarú iascaireachta Graonlannach, ní mór do shoitheach tuarascáil maidir le FÓGRA GNÍMH a tharchur.

   Nuair atá iascaireacht á déanamh ar údarú iascaireachta ón nGraonlainn déanfar tuarascáil faoin nGABHÁIL LAETHÚIL a tharchur ar bhonn laethúil tráth nach déanaí ná 23:59 AUL.

   Nuair a stopann soitheach a chuid gníomhaíochtaí iascaireachta ar chuóta Graonlannach, déanfaidh sé tuarascáil DEIREADH GNÍMH a tharchur.

   Déanfar an TUARASCÁIL UM FHÓGRA GNÍMH, an TUARASCÁIL GABHÁLA LAETHÚIL agus TUARASCÁIL AN FHÓGRA FAOI DHEIREADH GNÍMH a thuairisciú i gcomhréir le Chaibidil IV Roinn 2, den Iarscríbhinn.

8. Chun cosaint níos mó a thabhairt do na limistéir easbhrúite larbhaigh, ní féidir tús a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta roimh an dáta a leagtar amach i moladh NEAFC maidir le péirsí mara a bhainistiú i Muir Irminger agus sna huiscí cóngaracha.

9. Déanfaidh an stát brataí gabhálacha a fhaightear faoin gcuóta Graonlannach in uiscí na Graonlainne agus i limistéar rialála NEAFC a thuairisciú chuig údaráis an Aontais. Cuimseofar leo sin na gabhálacha uile a fhaightear faoin scéim solúbthachta, agus an ghabháil agus an t-údarú iascaireachta comhfhreagrach á n-aithint go soiléir.

10. Ag deireadh gach séasúir iascaireachta, déanfaidh LFI gach stáit brataí staitisticí gabhála maidir leis an iascach péirsí mara peiligeacha faoin scéim solúbthachta seo a tharchur chuig údaráis na Graonlainne.

Foscríbhinn 6

PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

1. Sainmhínithe agus raon feidhme

1.1. Sainmhínithe

Chun críocha na Foscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 den Chomhaontú agus ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ('ábhar sonraí'); is é is in-sainaitheanta ann duine nádúrtha is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh;

(b) ciallaíonn 'próiseáil' aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

(c) ciallaíonn 'údarás aistrithe' an t-údarás poiblí a sheolann sonraí pearsanta;

(d) ciallaíonn 'údarás is faighteoir' an t-údarás poiblí dá nochtar sonraí pearsanta;

(e) ciallaíonn 'sárú i ndáil le sonraí' sárú slándála as a dtagann díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó go neamhdhleathach;

(f) ciallaíonn 'aistriú ar aghaidh' nuair a aistríonn Páirtí is faighteoir sonraí pearsanta go heintiteas nach Páirtí is sínitheoir sa Phrótacal seo é ('tríú páirtí');

(g) ciallaíonn 'údarás maoirseachta' údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bhfoscríbhinne seo, chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

1.2. Raon feidhme

Is iad na daoine a mbaineann an Prótacal seo leo, go háirithe, daoine nádúrtha ar leo soithí iascaireachta, a n-ionadaithe, an captaen agus an criú atá ag fónamh ar bord soithí iascaireachta a oibríonn faoin bPrótacal seo.

Maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo, go háirithe maidir le hiarratais ar dheonú, faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, d'fhéadfaí na sonraí seo a leanas a mhalartú agus a phróiseáil tráth is déanaí:

— sonraí aitheantais agus teagmhála an tsoithigh;

— gníomhaíochtaí soithigh nó gníomhaíochtaí a bhaineann le soitheach, a shuíomh agus a chuid gluaiseachtaí, a ghníomhaíocht iascaireachta nó a ghníomhaíocht a bhaineann leis an iascaireacht, arna mbailiú trí sheiceálacha, trí iniúchtaí nó ag breathnóirí;

— sonraí a bhaineann le húinéir/úinéirí an tsoithigh nó lena ionadaí/lena n-ionadaí, amhail a ainm, a náisiúntacht, a shonraí teagmhála gairmiúla agus a chuntas bainc gairmiúil,

— sonraí a bhaineann leis an ngníomhaire áitiúil, amhail a ainm, a náisiúntacht agus a shonraí teagmhála gairmiúla,

— sonraí a bhaineann le máistrí an tsoithigh agus le baill den chriú, amhail ainmneacha, náisiúntacht, feidhm agus, i gcás an mháistir, a shonraí teagmhála nó a sonraí teagmhála;

— sonraí a bhaineann leis na hiascairí a thugtar ar bord, amhail ainm, sonraí teagmhála, oiliúint, deimhniú sláinte.

1.3. Údaráis atá freagrach

I gcás an Aontais agus na Graonlainne, is iad an Coimisiún Eorpach agus údarás an Bhallstáit brataí an t-údarás atá freagrach as na sonraí a phróiseáil.

2. Ráthaíochtaí i ndáil le cosaint sonraí pearsanta

2.1. Teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí

Na sonraí pearsanta arna n-iarraidh agus arna n-aistriú faoin bPrótacal seo, beidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, i.e. chun údaruithe iascaireachta a phróiseáil agus chun gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu. Ní dhéanfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta a mhalartú faoin bPrótacal seo ach amháin chun na gcríoch sonrach a leagtar amach sa Phrótacal.

Ní dhéanfar na sonraí a fhaightear a phróiseáil chun críoch seachas iad siúd sa chéad fhomhír luaite, nó sa chás sin déanfar iad a anaithnidiú.

Arna iarraidh sin, cuirfidh an t-údarás is faighteoir an t-údarás aistrithe ar an eolas gan mhoill faoin gcaoi a n-úsáidtear na sonraí arna soláthar.

2.2. Beachtas

Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na sonraí pearsanta arna n-aistriú faoin bPrótacal seo cruinn, cothrom le dáta agus, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfar iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta de réir na faisnéise atá ag an údarás aistrithe. Má thugann ceann de na Páirtithe faoi deara go bhfuil na sonraí pearsanta arna n-aistriú nó arna bhfáil míchruinn, cuirfidh sé an Páirtí eile ar aon eolas faoi sin gan mhoill agus déanfaidh sé iad a cheartú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

2.3. Stóráil a theorannú

Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche ar chuici a malartaíodh iad. Scriosfar iad 1 bhliain ar a dhéanaí tar éis don Phrótacal seo dul in éag, seachas má tá gá leo chun oibleagáidí faoi Chaibidil 12 de Ghníomh Iascaigh na Graonlainne (Gníomh Uimh. 29 an 23 Bealtaine 2024 um Iascach) a chomhlíonadh nó chun obair leantach a dhéanamh ar shárú, ar chigireacht nó ar imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Sa dara cás sin, féadfar na sonraí a choimeád chomh fada agus is gá chun an obair leantach a dhéanamh maidir leis an sárú nó maidir leis an iniúchadh nó go dtí go gcuirfear clabhsúr críochnaitheach ar na himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Maidir leis na sonraí pearsanta is gá chun oibleagáidí faoi Chaibidil 12 a chomhlíonadh, scriosfar sonraí 5 bliana ar a dhéanaí tar éis na sonraí a fháil faoin bPrótacal seo.

I cás ina gcoimeádtar sonraí pearsanta ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

2.4. Slándáil agus rúndacht

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar a slándáil iomchuí, agus rioscaí sonracha a bhaineann leis an bpróiseáil á gcur san áireamh, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scriosadh nó damáiste de thaisme. Tabharfaidh na húdaráis atá i gceannas ar an bpróiseáil aghaidh ar aon sárú i ndáil le sonraí agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun aon éifeacht dhiúltach fhéideartha a bhaineann le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a leigheas agus chun na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith aige a mhaolú. Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir fógra faoin sárú sin don údarás aistrithe a luaithe is féidir agus cuirfidh siad an comhar tráthúil is gá ar fáil dá chéile ionas gur féidir le gach ceann de na húdaráis sin a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, ar oibleagáidí iad a eascraíonn mar thoradh ar sárú i ndáil le sonraí pearsanta faoina gcreat dlíthiúil náisiúnta.

Geallann na Páirtithe bearta teicniúla nó eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an phróiseáil an Phrótacail seo.

2.5. Ceartú nó léirscriosadh

Áiritheoidh an dá Pháirtí go ndéanfaidh údarás an aistrithe agus an t-údarás is faighteoir na bearta réasúnta uile chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh gan mhoill, de réir mar is infheidhme, i gcás nach gcomhlíonann an phróiseáilan Phrótacail seo, go háirithe toisc nach bhfuil na sonraí sin leordhóthanach, ábhartha, nó cruinn nó toisc go bhfuil siad iomarcach i ndáil le cuspóir na próiseála.

Ní mór don dá Pháirtí fógra a thabhairt dá chéile faoi aon cheartú nó léirscriosadh.

2.6. Trédhearcacht

Áiritheoidh na Páirtithe go gcuirfear na hábhair sonraí ar an eolas, trí bhíthin fógra aonair chomh maith leis an gcomhaontú seo a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin, faoi na catagóirí sonraí a aistreofar agus a phróiseálfar a thuilleadh, an bealach a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, an uirlis ábhartha arna húsáid le haghaidh an aistrithe, cuspóir na próiseála, tríú páirtithe nó catagóirí tríú páirtithe a bhféadfar an fhaisnéis a aistriú chucu a thuilleadh, na cearta aonair agus na sásraí atá ar fáil chun a gcearta a fheidhmiú agus sásamh a fháil, chomh maith leis na sonraí teagmhála chun díospóid nó gearán a thionscnamh.

2.7. Aistriú ar aghaidh

Ní aistreoidh an t-údarás is faighteoir sonraí pearsanta arna bhfáil faoin bPrótacal seo chuig tríú páirtí atá bunaithe i dtír seachas na Ballstáit bhrataí ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin, is é sin cuspóir tábhachtach ar mhaithe le leas an phobail, a aithnítear freisin sa chreat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an údarás aistrithe, agus ina gcomhlíontar ceanglais eile na Foscríbhinne (go háirithe a mhéid a bhaineann le teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí), agus

(a) i gcás ina dtairbhíonn an tír ina bhfuil an tríú páirtí lonnaithe nó an tír ina bhfuil an eagraíocht idirnáisiúnta lonnaithe de chinneadh leordhóthanachta arna ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ('cinneadh leordhóthanachta') lena gcumhdaítear an t-aistriú ar aghaidh; nó

(b) i gcásanna sonracha, i gcás inar gá aistriú den sórt sin chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás aistrithe a oibleagáidí i leith eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh nó eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh; nó

(c) i gcásanna eisceachtúla agus i gcás ina meastar gur gá sin, geallann an tríú páirtí nach bpróiseálfaidh sé na sonraí ach amháin le haghaidh an chuspóra shonraigh/na gcuspóirí sonracha ar chucu a aistríodh a thuilleadh iad agus go léirscriosfaidh sé iad láithreach bonn a luaithe nach mbeidh gá a thuilleadh leis an bpróiseáil chun na críche sin.

3. Cearta na n-ábhar sonraí

3.1. Rochtain ar shonraí pearsanta

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, déanfaidh an t-údarás is faighteoir an méid seo a leanas:

(a) a dhearbhú don ábhar sonraí an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis á bpróiseáil nó nach bhfuil;

(b) faisnéis a sholáthar faoi chuspóir na próiseála, na catagóirí sonraí pearsanta, an fad stórála (más féidir), an ceart chun ceartúchán/scriosadh a iarraidh, an ceart chun gearán a dhéanamh, etc.;

(c) cóip de na sonraí pearsanta a sholáthar;

(d) faisnéis ghinearálta a sholáthar faoi na ráthaíochtaí is infheidhme.

3.2. Sonraí pearsanta a cheartú

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, ceartóidh an t-údarás is faighteoir a shonraí pearsanta atá neamhiomlán, míchruinn nó imithe i léig.

3.3. Sonraí pearsanta a scriosadh

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, déanfaidh an t-údarás is faighteoir an méid seo a leanas:

(a) sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad a próiseáladh ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis na ráthaíochtaí a leagtar amach sa Phrótacal seo;

(b) sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na gcríoch ar chucu a próiseáladh iad go dleathach;

(c) scor de phróiseáil na sonraí pearsanta má dhéanann an t-ábhar sonraí agóid ina haghaidh ar chúiseanna a bhaineann lena chás nó lena cás féin, murab ann do chúiseanna dlisteanacha tathantacha maidir leis an bpróiseáil a bhfuil sáraíocht aige ar leasanna, cearta agus saoirsí an ábhair sonraí.

3.4. Rialacha mionsonracha

Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir freagra, laistigh de thréimhse réasúnta agus in am trátha, agus i ngach cás, laistigh de 1 mhí tar éis an iarratais, ar iarratas ó ábhar sonraí a bhaineann le rochtain ar a shonraí pearsanta, iad a cheartú agus a léirscriosadh. Féadfaidh an t-údarás is faighteoir bearta iomchuí a dhéanamh, amhail táillí réasúnta a thobhach chun costais riaracháin a chumhdach nó diúltú d'iarratas ar follasach go bhfuil sé gan bhunús nó iomarcach.

I gcás freagra diúltach ar iarratas ón ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir é a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an diúltú sin.

3.5. Srianta

Féadfar na cearta faoin bhFoscríbhinn seo a theorannú má dhéantar foráil maidir le teorannú den sórt sin sa dlí agus má tá sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO AE L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

Féadfar na cearta sin a theorannú freisin chun feidhm faireacháin, chigireachta nó rialála a choimirciú, ar feidhm í a bhaineann, fiú go hócáideach, le feidhmiú údaráis oifigiúil.

Faoi na coinníollacha céanna, féadfar iad a theorannú freisin chun an t-ábhar sonraí a chosaint nó ar mhaithe le cearta agus saoirsí daoine eile.

4. Leigheas agus faireachán neamhspleách

4.1. Faireachán neamhspleách

Déanfaidh comhlacht seachtrach nó inmheánach a dhéanann faireachán neamhspleách agus ag a bhfuil cumhachtaí imscrúdaitheacha agus leighis faireachán neamhspleách ar chomhlíontacht na próiseála sonraí pearsanta leis an bPrótacal seo.

4.2. Údaráis mhaoirseachta

I gcás an Aontais, is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a dhéanfaidh an faireachán s in, i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Choimisiúin Eorpach nó is iad údaráis mhaoirseachta náisiúnta an Aontais um chosaint sonraí a dhéanfaidh iad i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Bhallstáit brataí.

I gcás na Graonlainne, beidh Gníomhaireacht na Danmhairge um Chosaint Sonraí (Datatilsynet) inniúil.

Maidir le gearáin ó ábhair sonraí i dtaca le próiseáil a sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo, déanfaidh na húdaráis thuasluaite iad a phróiseáil agus a réiteach ar bhealach éifeachtach tráthúil.

4.3. An ceart chun leighis

Áiritheoidh gach Páirtí, ina dhlíchóras, go bhféadfaidh ábhar sonraí a mheasann nár chomhlíon údarás na coimircí a leagtar amach in Airteagal 11 den Phrótacal agus san Fhoscríbhinn seo, nó a mheasann gur ndearnadh sárú i dtaobh a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta, cúiteamh a lorg ón údarás sin a mhéid a cheadaítear leis an reachtaíocht is infheidhme os comhair cúirte nó comhlacht coibhéiseach.

Go sonrach, féadfar aon ghearán in aghaidh ceachtar den dá údarás a chur faoi bhráidAn Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus faoi bhráid Ghníomhaireacht na Danmhairge um Chosaint Sonraí, i gcás na Graonlainne. Ina theannta sin, féadfar gearáin áirithe ina aghaidh ceachtar den dá údarás a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus os comhair Chúirteanna na Graonlainne, i gcás na Graonlainne.

I gcás ina gcuirfidh ábhar sonraí díospóid nó gearán isteach i ndáil le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta in aghaidh an údaráis aistrithe, an údaráis is faighteoir nó an dá údarás araon, cuirfidh na húdaráis a chéile ar an eolas faoi na díospóidí nó na gearáin sin agus déanfaidh siad gach iarracht an díospóid nó an gearán a réiteach go cairdiúil a luaithe is féidir.

4.4. Malartú faisnéise

Coinneoidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon ghearán a gheobhaidh siad maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo agus maidir lena réiteach.

5. Athbhreithniú

Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú, más gá, maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartais agus a nósanna imeachta próiseála sonraí pearsanta chun a fhíorú agus a dheimhniú go bhfuil na coimircí a leagtar amach in Airteagal 11 den Phrótacal agus san Fhoscríbhinn seo á gcur chun feidhme go héifeachtach sa Chomhchoiste.

6. An t-aistriú a chur ar fionraí

Féadfaidh an Páirtí aistrithe aistriú sonraí pearsanta a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcás nach n-éiríonn leis na Páirtithe díospóidí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a réiteach go cairdiúil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo go dtí go measfaidh sé go bhfuil an t-ábhar réitithe go sásúil ag an bPáirtí is faighteoir. Leanfar de shonraí a aistríodh cheana a phróiseáil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo.